Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 31 Bealtaine 2024**
**(OR. en)**

**10622/24**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0134(NLE)**

**ACP 61**
**COAFR 212**
**COLAC 74**
**COASI 83**
**RELEX 741**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 31 Bealtaine 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 238 final - IARSCRÍBHINNÍ 1 go 8 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sna chéad chruinnithe d'Institiúidí Comhpháirteacha AE-ESACC maidir le glacadh Rialacha Nós Imeachta Institiúidí Comhpháirteacha AE-ESACC, is iad sin Comhairle na nAirí AE-ESACC, Comhairle Airí AE-an Afraic, Comhairle Airí AE-an Chairib, Comhairle Airí AE-an tAigéan Ciúin, Coiste na nOifigeach Sinsearach ar Leibhéal Ambasadóra AE-ESACC, Comhchoiste AE-an Afraic, Comhchoiste AE-an Chairib agus Comhchoiste AE-an tAigéan Ciúin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 238 final - IARSCRÍBHINNÍ 1 go 8.

---

Faoi iamh: COM(2024) 238 final - IARSCRÍBHINNÍ 1 go 8

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 31.5.2024
COM(2024) 238 final

ANNEXES 1 to 8

**IARSCRÍBHINNÍ**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh**

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sna chéad chruinnithe d'Institiúidí Comhpháirteacha AE-ESACC maidir le glacadh Rialacha Nós Imeachta Institiúidí Comhpháirteacha AE-ESACC, is iad sin Comhairle na nAirí AE-ESACC, Comhairle Airí AE-an Afraic, Comhairle Airí AE-an Chairib, Comhairle Airí AE-an tAigéan Ciúin, Coiste na nOifigeach Sinsearach ar Leibhéal Ambasadóra AE-ESACC, Comhchoiste AE-an Afraic, Comhchoiste AE-an Chairib agus Comhchoiste AE-an tAigéan Ciúin**

[…]

**<u>IARSCRÍBHINN I – Rialacha Nós Imeachta Chomhairle na nAirí AE-ESACC</u>**

*Airteagal 1*

**Dátaí agus suíomh na gcruinnithe**

(1) Cuirfidh Comhairle na nAirí AE-ESACC, dá ngairtear 'an Chomhairle' anseo feasta, a cúraimí i gcrích mar a fhoráiltear in Airteagal 88 den Chomhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile a síníodh i Samó an 15 Samhain 2023, dá ngairtear 'an Comhaontú'anseo feasta.

(2) Mar a fhoráiltear in Airteagal 88(2) den Chomhaontú, tiocfaidh an Chomhairle le chéile i gcruinniú i bprionsabal gach 3 bliana agus aon uair a mheasfar gá a bheith leis ar thionscnamh na gComhchathaoirleach, i bhfoirm agus i gcomhdhéanamh is iomchuí do na saincheisteanna a bhfuiltear le haghaidh a thabhairt orthu.

(3) Mar a fhoráiltear in Airteagal 88(1) den Chomhaontú, is é a bheidh sa Chomhairle, ar thaobh amháin, ionadaí do gach Comhalta ESACC ar leibhéal aireachta agus, ar an taobh eile, ionadaithe don Aontas Eorpach agus do na Ballstáit ar leibhéal aireachta.

(4) Is iad na Comhchathaoirligh a thionólfaidh an Chomhairle. Socrófar dátaí a cruinnithe de chomhthoil idir na páirtithe.

(5) Tiocfaidh an Chomhairle le chéile le haghaidh gach ré cruinniú sa Bhruiséil nó in áit a roghnaíonn ESACC, i gcomhréir leis an gcinneadh a rinne an Chomhairle.

(6) Féadfaidh an Chomhairle teacht le chéile i bhformáid fhíorúil nó hibrideach i gcás ina bhfágann na himthosca gur gá sin, arna chinneadh sin do na Comhchathaoirligh.

*Airteagal 2*

**Comhchathaoirligh**

(1) Mar a fhoráiltear in Airteagal 88(1) den Chomhaontú, déanfaidh an Cathaoirleach a ainmneoidh Comhaltaí ESACC ar thaobh amháin agus ionadaí don Aontas ar an leibhéal polaitiúil ar an taobh eile comhchathaoirleacht ar an gComhairle.

(2) Déanfar sealaíocht mar Chathaoirleach ar an gComhairle mar a leanas:

– ón 1 Aibreán go dtí an 30 Meán Fómhair, comhalta de Rialtas Bhallstáit ESACC a bheidh ina chathaoirleach,

– ón 1 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Márta, ionadaí don Aontas Eorpach ar an leibhéal polaitiúil a bheidh ina chathaoirleach.

*Airteagal 3*

**Clár oibre na gcruinnithe**

(1) Is é an Cathaoirleach atá i gceannas a tharraingeoidh clár oibre sealadach suas le haghaidh gach cruinnithe. Cuirfear an clár in iúl do chomhaltaí eile na Comhairle 30 lá ar a laghad roimh thús an chruinnithe. Is éard a bheidh ar an gclár oibre sealadach na míreanna sin a bhfuair an Cathaoirleach atá i gceannas iarraidh 30 lá ar a laghad roimh thús an chruinnithe go gcuirfí san áireamh iad.

(2) Is éard a bheidh sna míreanna a bheidh le cur ar an gclár oibre sealadach míreanna ar tarchuireadh doiciméadacht ina leith chuig rúnaíocht na Comhairle in am trátha lena cur ar aghaidh chuig comhaltaí na Comhairle agus chuig comhaltaí Choiste na nOifigeach Sinsearach ar Leibhéal Ambasadóra ESACC-AE, dá ngairtear 'COSLA' anseo feasta, 21 lá ar a laghad roimh thús an chruinnithe.

(3) Glacfaidh an Chomhairle an clár oibre ag tús gach cruinnithe. I gcásanna práinne, féadfaidh an Chomhairle cinneadh a dhéanamh, arna iarraidh sin do Stáit ESACC nó don Aontas Eorpach, míreanna a chur ar an gclár oibre nár urramaíodh na teorainneacha ama a leagtar síos i mír 1 ina leith.

(4) Féadfar an clár oibre sealadach a roinnt ina Chuid A, Chuid B agus Chuid C:

– is éard a bheidh sna míreanna a chuirfear faoi Chuid A míreanna is féidir leis an gComhairle a fhormheas gan phlé;

– is éard a bheidh sna míreanna a chuirfear faoi Chuid B míreanna nach mór don Chomhairle a phlé sula bhformheastar iad;

– pléifear míreanna a chuirfear isteach faoi Chuid C le linn seisiún tuairimíochta neamhfhoirmiúil.

*Airteagal 4*

**Imeachtaí**

(1) I gcomhréir le hAirteagal 88(5) den Chomhaontú, glacfaidh an Chomhairle cinntí atá ceangailteach ar na Páirtithe uile mura sonraítear a mhalairt, nó déanfaidh sí moltaí a bhaineann le haon cheann dá feidhmeanna a liostaítear in Airteagal 88(4) den Chomhaontú de chomhthoil na bPáirtithe.

(2) Má thagann an Chomhairle le chéile i bhformáid fhíorúil nó hibrideach, leanfaidh glacadh cinntí agus moltaí an nós imeachta i scríbhinn a leagtar síos in Airteagal 5.

(3) Ní bheidh imeachtaí na Comhairle bailí ach amháin má bhíonn ionadaithe an Aontais Eorpaigh, ar a laghad leath de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus ar a laghad dhá thrian de na comhaltaí a dhéanann ionadaíocht do rialtais Chomhaltaí ESACC i láthair.

(4) Féadfar ionadaíocht a dhéanamh do chomhaltaí uile na Comhairle nach féidir leo freastal ar an gcruinniú. Sa chás sin, cuirfidh siad an Cathaoirleach atá i gceannas ar an eolas agus tabharfaidh siad le fios an duine nó an toscaireacht atá údaraithe ionadaíocht a dhéanamh dóibh. Feidhmeoidh an t-ionadaí cearta uile an chomhalta nach féidir leis freastal ar an gcruinniú.

(5) Féadfaidh comhairleoirí comhaltaí na Comhairle a thionlacan chun cúnamh a thabhairt dóibh.

(6) Cuirfear comhdhéanamh gach toscaireachta in iúl don Chathaoirleach atá i gceannas roimh thús gach seisiúin.

(7) Beidh ionadaí don Bhanc Eorpach Infheistíochta, dá ngairtear 'BEI' anseo feasta, i láthair ag seisiúin na Comhairle nuair a bheidh ábhair a bhaineann le réimsí feidhme BEI ar an gclár oibre.

*Airteagal 5*

**Nós imeachta i scríbhinn**

(1) Mar a fhoráiltear in Airteagal 88(6) den Chomhaontú, féadfaidh an Chomhairle cinntí nó moltaí a dhéanamh trí bhíthin nós imeachta i scríbhinn. Féadfaidh aon cheann de na Páirtithe a mholadh go n-úsáidfear nós imeachta i scríbhinn agus féadfar é a thionscnamh tar éis comhaontú na gComhchathaoirleach a fháil.

(2) An tráth céanna a chinntear an nós imeachta i scríbhinn a úsáid, féadfar teorainn ama a shocrú nach mór freagraí a thabhairt laistigh di. Ar dul in éag na teorann ama sin, féadfaidh an Cathaoirleach atá i gceannas teacht ar an gconclúid, i bhfianaise na bhfreagraí a fuarthas, gur thángthas ar chomhaontú, mura rud é go gcuireann aon cheann de na Páirtithe a mhalairt in iúl.

*Airteagal 6*

**Coistí agus Meithleacha**

(1) Mar a fhoráiltear in Airteagal 88(3) den Chomhaontú, féadfaidh an Chomhairle coistí agus meithleacha a bhunú chun déileáil le saincheisteanna sonracha ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla.

(2) Féadfaidh an Chomhairle cumhachtaí a tharmligean chuig na coistí agus chuig na meithleacha sin.

(3) Cuirfidh na coistí agus na meithleacha tuarascálacha ar a gcuid oibre faoi bhráid na Comhairle.

(4) Féadfaidh na coistí agus na meithleacha a rialacha nós imeachta a leagan síos le comhaontú ón gComhairle.

(5) Gan dochar do mhíreanna 1 go 4, féadfaidh an Chomhairle, i gcaitheamh a cruinnithe, ullmhú a himeachtaí agus a conclúidí ar mhíreanna sonracha ar an gclár oibre a tharmligean chuig meithleacha airí a chomhdhéantar ar bhonn paireachta.

*Airteagal 7*

**Breathnóirí**

(1) Féadfaidh ionadaithe do na tíortha agus do na heagraíochtaí seo a leanas freastal ar sheisiúin na Comhairle, mar bhreathnóirí, arna iarraidh sin dóibh agus tar éis do Chomhchathaoirligh na Comhairle glacadh leis an iarraidh sin:

(a) stáit shínithe sa Chomhaontú nár thug na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 98(1) agus (2) den Chomhaontú i gcrích go fóill ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe;

(b) tíortha atá ag cur isteach ar aontachas leis an gComhaontú faoi na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 102 den Chomhaontú;

(c) tíortha is comhaltaí de ESACC, ach nach páirtithe sa Chomhaontú go fóill iad agus tíortha ag a bhfuil stádas breathnóra in ESACC;

(d) tíortha agus críocha thar lear an Aontais (TCTLanna);

(e) na réigiúin is forimeallaí san Aontas;

(f) eagraíochtaí, comhlachtaí agus grúpaí réigiúnacha agus fo-réigiúnacha ó réigiúin ESACC;

(g) féadfaidh tríú gníomhaithe eile, lena n-áirítear eagraíochtaí réigiúnacha agus ilchríochacha, a bheith rannpháirteach mar bhreathnóirí i seisiúin den

Chomhairle arna iarraidh sin dóibh nó ar cuireadh a fháil ó na Comhchathaoirligh ar bhonn *ad hoc*.

(2) Maidir le breathnóirí a ghlacann páirt i gcruinniú:

(a) níl cead acu vóta a chaitheamh i nósanna imeachta foirmiúla cinnteoireachta, mar a shonraítear sna rialacha nós imeachta;

(b) níl cead acu ráitis ó bhéal a dhéanamh le linn an chruinnithe, ach amháin má iarrann na Comhchathaoirligh orthu déanamh amhlaidh;

(c) níl cead acu páirt a ghlacadh sna seisiúin iata ná freastal ar na seisiúin sin;

(d) féadfar iarraidh orthu páirt a ghlacadh i gcruinnithe sonracha, mar shampla, comhdhálacha earnála airí, siompóisiamaí, cruinnithe saineolaithe;

(e) féadfaidh siad faisnéis agus doiciméadacht neamhrúnda a scaipeann an Rúnaíocht a fháil.

*Airteagal 8*

**Rannpháirteachas leis na páirtithe leasmhara**

(1) Beidh rannpháirteachas leis na páirtithe leasmhara ann i gcomhréir leis na sásraí oscailte trédhearcacha le haghaidh comhairliúchán struchtúrtha leis na páirtithe leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 95 den Chomhaontú.

(2) Mar a fhoráiltear in Airteagal 95(2) den Chomhaontú, cuirfear na páirtithe leasmhara ar an eolas go tráthúil agus beidh siad in ann ionchuir a sholáthar i bpróiseas leathan an idirphlé, go háirithe i gcás chruinnithe Chomhairle na nAirí faoi seach.

*Airteagal 9*

**Rúndacht agus foilseacháin oifigiúla**

(1) Mura gcinnfear a mhalairt, ní bheidh cruinnithe na Comhairle ina gcruinnithe poiblí. Beidh pas de dhíth chun rochtain a fháil ar chruinnithe na Comhairle.

(2) Gan dochar d'fhorálacha eile den sórt sin a bhféadfadh feidhm a bheith acu, cumhdófar plé na Comhairle le hoibleagáid na rúndachta gairmiúla mura rud é go gcinneann an Chomhairle a mhalairt.

(3) Féadfaidh gach páirtí a chinneadh cinntí agus moltaí na Comhairle a fhoilsiú ina bhfoilseacháin oifigiúla féin.

*Airteagal 10*

**Teachtaireachtaí agus miontuairiscí na gcruinnithe**

(1) Na teachtaireachtaí uile dá bhforáiltear sna rialacha nós imeachta seo, tarchuirfear iad trí Rúnaíocht na Comhairle chuig ionadaithe gach Comhalta ESACC, Rúnaíocht ESACC, Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, Buanionadaithe Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach.

(2) Cuirfear na teachtaireachtaí sin chuig Uachtarán BEI freisin i gcás ina mbaineann siad le BEI.

(3) Tarraingeoidh Rúnaíocht na Comhairle miontuairiscí gach cruinnithe suas agus glacfaidh na Comhchathaoirligh iad trí bhíthin nós imeachta i scríbhinn, agus tabharfar aird go háirithe ar na cinntí a rinne an Chomhairle.

(4) Cuirfear cóip de na miontuairiscí ar aghaidh chuig na faighteoirí dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 11*

**Doiciméadacht**

Mura gcinnfear a mhalairt, déanfaidh an Chomhairle a plé ar bhonn na ndoiciméad a dhréachtaítear i dteangacha oifigiúla na bpáirtithe.

*Airteagal 12*

**Foirmeacha na ngníomhartha**

(1) Cinntí agus moltaí de réir bhrí Airteagal 88(5) den Chomhaontú, roinnfear ina n-airteagail iad.

(2) Tabharfar i gcrích iad leis an bhfoirmle 'Arna dhéanamh i/in/sa/san …', '(dáta)', is é an dáta a ghlacfaidh an Chomhairle iad a bheidh i gceist.

(3) Maidir le cinntí de réir bhrí Airteagal 88(5) den Chomhaontú, tabharfar an teideal 'Cinneadh' orthu agus tabharfar sraithuimhir, dáta glactha agus tuairisc ar ábhar an chinnidh freisin.

(4) Sonrófar i gcinntí an dáta ar a bhfuil siad le teacht i bhfeidhm. Beidh an abairt seo a leanas iontu: 'Ceanglófar ar Stáit ESACC, ar an Aontas Eorpach agus ar a Bhallstáit, agus gach ceann ar leith díobh ar a chonlán féin, na bearta is gá a dhéanamh chun an Cinneadh seo a chur chun feidhme'.

(5) Maidir le moltaí de réir bhrí Airteagal 88(5) den Chomhaontú, tabharfar an teideal 'Moladh' orthu agus tabharfar sraithuimhir, dáta glactha agus tuairisc ar ábhar an mholta freisin.

(6) Síneoidh an Cathaoirleach atá i gceannas na cinntí agus na moltaí a ghlacfaidh an Chomhairle agus coimeádfar i gcartlann na Comhairle iad.

(7) Tarchuirfear na cinntí agus na moltaí, trí Rúnaíocht na Comhairle, chuig na faighteoirí dá dtagraítear in Airteagal 11.

*Airteagal 13*

**Coiste na nOifigeach Sinsearach ar Leibhéal Ambasadóra ESACC-AE (COSLA ESACC-AE)**

(1) Féadfaidh an Chomhairle cumhachtaí a tharmligean chuig COSLA i gcomhréir le hAirteagal 88(3) den Chomhaontú.

(2) Leagfar síos na dálaí faoina dtiocfaidh COSLA le chéile sna rialacha nós imeachta.

(3) Ullmhóidh COSLA seisiúin na Comhairle agus tabharfaidh sé cúnamh di a cúraimí a chur i gcrích, agus comhlíonfaidh sé aon sainordú a chuireann an Chomhairle de chúram air.

*Airteagal 14*

**Rannpháirtíocht sa Chomhthionól Parlaiminteach**

Nuair a fhreastalóidh an Chomhairle ar chruinnithe den Chomhthionól Parlaiminteach, is iad na Comhchathaoirligh a dhéanfaidh ionadaíocht di.

*Airteagal 15*

**Comhsheasmhacht le beartais an Aontais agus tionchar ar chur chun feidhme Chomhaontú Comhpháirtíochta AE-ESACC**

(1) Nuair a iarrann Stáit ESACC comhairliúcháin de bhun Airteagal 4(2) den Chomhaontú, reáchtálfar na comhairliúcháin sin go pras, mar riail ghinearálta laistigh de 21 lá ón iarraidh.

(2) D'fhéadfadh an Chomhairle, COSLA nó meitheal *ad hoc* a bheith i gceist leis an gcomhlacht atá freagrach.

*Airteagal 16*

**An Rúnaíocht**

(1) Reáchtálfaidh beirt rúnaithe Rúnaíocht na Comhairle agus Rúnaíocht COSLA i gcomhpháirt.

(2) Ceapfar beirt rúnaithe tar éis comhairliúchán comhpháirteach, ceapfaidh COSLA duine amháin agus ceapfaidh an tAontas Eorpach an duine eile.

(3) Cuirfidh na rúnaithe a gcúraimí i gcrích i neamhspleáchas iomlán ag féachaint do leasanna dhea-fheidhmiú an Chomhaontaithe amháin agus ní lorgóidh siad ná ní ghlacfaidh siad le treoracha ó aon Rialtas, eagraíocht ná údarás seachas an Chomhairle agus COSLA.

(4) Cuirfear comhfhreagras atá beartaithe le haghaidh na Comhairle chuig Comhchathaoirligh na Comhairle ag suíomh Rúnaíocht na Comhairle.

## IARSCRÍBHINN II – Rialacha Nós Imeachta Chomhairle Airí AE-an Afraic

*Airteagal 1*

**Raon feidhme**

Ní bheidh na forálacha faoi na Rialacha Nós Imeachta seo ina gceangal ach amháin ar na páirtithe a cheanglaítear faoi Phrótacal Réigiúnach na hAfraice, de réir Airteagal 1(1) de Phrótacal Réigiúnach na hAfraice den Chomhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile a síníodh i Samó an 15 Samhain 2023, dá ngairtear 'an Comhaontú'anseo feasta.

*Airteagal 2*

**Dátaí agus suíomh na gcruinnithe**

(1) Cuirfidh Comhairle Airí AE-an Afraic, dá ngairtear 'an Chomhairle' anseo feasta a cúraimí i gcrích mar a fhoráiltear in Airteagal 92 den Chomhaontú. Ní imeoidh cinntí ná moltaí na Comhairle ó chinntí Comhairle na nAirí AE-ESACC.

(2) Tiocfaidh an Chomhairle le chéile i gcruinniú i bprionsabal gach 2 bhliain agus aon uair a mheasfar gá a bheith leis ar thionscnamh na gComhchathaoirleach, i bhfoirm agus i gcomhdhéanamh is iomchuí do na saincheisteanna a bhfuiltear le haghaidh a thabhairt orthu.

(3) Mar a fhoráiltear in Airteagal 92(1)(a) den Chomhaontú, is é a bheidh sa Chomhairle, ar thaobh amháin, ionadaí do gach Páirtí Stáit na hAfraice ar leibhéal aireachta agus, ar an taobh eile, ionadaithe don Aontas Eorpach agus do na Ballstáit ar leibhéal aireachta.

(4) Is iad na Comhchathaoirligh a thionólfaidh an Chomhairle. Socrófar dátaí a cruinnithe de chomhthoil idir na páirtithe.

(5) Tiocfaidh an Chomhairle le chéile le haghaidh gach ré cruinniú sa Bhruiséil nó in áit a roghnaíonn Páirtí Stáit na hAfraice, i gcomhréir leis an gcinneadh a rinne an Chomhairle.

(6) Féadfaidh an Chomhairle teacht le chéile i bhformáid fhíorúil nó hibrideach i gcás ina bhfágann na himthosca gur gá sin, arna chinneadh sin do na Comhchathaoirligh.

*Airteagal 3*

**Comhchathaoirligh**

(1) Mar a fhoráiltear in Airteagal 92(1) den Chomhaontú, déanfaidh an Cathaoirleach a ainmneoidh Páirtí Stáit na hAfraice ar thaobh amháin agus ionadaí don Aontas ar an leibhéal polaitiúil ar an taobh eile comhchathaoirleacht ar an gComhairle.

(2) Déanfar sealaíocht mar Chathaoirleach ar an gComhairle mar a leanas:

– ón 1 Aibreán go dtí an 30 Meán Fómhair, comhalta de Rialtas Pháirtí Stáit na hAfraice a bheidh ina chathaoirleach,

– ón 1 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Márta, ionadaí don Aontas Eorpach ar an leibhéal polaitiúil a bheidh ina chathaoirleach.

*Airteagal 4*

**Clár oibre na gcruinnithe**

(1) Is é an Cathaoirleach atá i gceannas a tharraingeoidh clár oibre sealadach suas le haghaidh gach cruinnithe. Cuirfear an clár in iúl do chomhaltaí eile na Comhairle 30 lá ar a laghad roimh thús an chruinnithe. Is éard a bheidh ar an gclár oibre sealadach na míreanna sin a bhfuair an Cathaoirleach atá i gceannas iarraidh 30 lá ar a laghad roimh thús an chruinnithe go gcuirfí san áireamh iad.

(2) Is éard a bheidh sna míreanna a bheidh le cur ar an gclár oibre sealadach míreanna ar tarchuireadh doiciméadacht ina leith chuig rúnaíocht na Comhairle in am trátha lena cur ar aghaidh chuig comhaltaí na Comhairle agus chuig comhaltaí Choiste AE-an Afraic, dá ngairtear 'an Coiste' anseo feasta, 21 lá ar a laghad roimh thús an chruinnithe.

(3) Glacfaidh an Chomhairle an clár oibre ag tús gach cruinnithe. I gcásanna práinne, féadfaidh an Chomhairle cinneadh a dhéanamh, arna iarraidh sin do Pháirtí Stáit na hAfraice nó don Aontas Eorpach, míreanna a chur ar an gclár oibre nár urramaíodh na teorainneacha ama a leagtar síos i mír 1 ina leith.

(4) Féadfar an clár oibre sealadach a roinnt ina Chuid A, Chuid B agus Chuid C:

– is éard a bheidh sna míreanna a chuirfear faoi Chuid A míreanna is féidir leis an gComhairle a fhormheas gan phlé;

– is éard a bheidh sna míreanna a chuirfear faoi Chuid B míreanna nach mór don Chomhairle a phlé sula bhformheastar iad;

– pléifear míreanna a chuirfear isteach faoi Chuid C le linn seisiún tuairimíochta neamhfhoirmiúil.

*Airteagal 5*

**Imeachtaí**

(1) I gcomhréir le hAirteagal 92(2)(b) den Chomhaontú, glacfaidh an Chomhairle cinntí atá ceangailteach ar na Páirtithe uile i bPrótacal Réigiúnach na hAfraice mura sonraítear a mhalairt, nó déanfaidh sí moltaí a bhaineann le haon cheann dá feidhmeanna a liostaítear in Airteagal 88(4) den Chomhaontú de chomhthoil na bPáirtithe.

(2) Má thagann an Chomhairle le chéile i bhformáid fhíorúil nó hibrideach, leanfaidh glacadh cinntí agus moltaí an nós imeachta i scríbhinn a leagtar síos in Airteagal 6.

(3) Ní bheidh imeachtaí na Comhairle bailí ach amháin má bhíonn ionadaithe an Aontais Eorpaigh, ar a laghad leath de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus ar a laghad dhá thrian de Bhallstáit Phrótacal Réigiúnach na hAfraice i láthair.

(4) Féadfar ionadaíocht a dhéanamh do chomhaltaí uile na Comhairle nach féidir leo freastal ar an gcruinniú. Sa chás sin, cuirfidh siad an Cathaoirleach atá i gceannas ar an eolas agus tabharfaidh siad le fios an duine nó an toscaireacht atá údaraithe ionadaíocht a dhéanamh dóibh. Feidhmeoidh an t-ionadaí cearta uile an chomhalta nach féidir leis freastal ar an gcruinniú.

(5) Féadfaidh comhairleoirí comhaltaí na Comhairle a thionlacan chun cúnamh a thabhairt dóibh.

(6) Cuirfear comhdhéanamh gach toscaireachta in iúl don Chathaoirleach atá i gceannas roimh thús gach seisiúin.

(7) Beidh ionadaí don Bhanc Eorpach Infheistíochta, dá ngairtear 'BEI' anseo feasta, i láthair ag seisiúin na Comhairle nuair a bheidh ábhair a bhaineann le réimsí feidhme BEI ar an gclár oibre.

*Airteagal 6*

**Nós imeachta i scríbhinn**

(1) Mar a fhoráiltear in Airteagal 92(4)(a) den Chomhaontú, féadfaidh an Chomhairle cinntí nó moltaí a dhéanamh trí bhíthin nós imeachta i scríbhinn. Féadfaidh aon cheann de na Páirtithe a mholadh go n-úsáidfear nós imeachta i scríbhinn agus féadfar é a thionscnamh tar éis comhaontú na gComhchathaoirleach a fháil.

(2) An tráth céanna a chinntear an nós imeachta i scríbhinn a úsáid, féadfar teorainn ama a shocrú nach mór freagraí a thabhairt laistigh di. Ar dul in éag na teorann ama sin, féadfaidh an Cathaoirleach atá i gceannas teacht ar an gconclúid, i bhfianaise na bhfreagraí a fuarthas, gur thángthas ar chomhaontú, mura rud é go gcuireann aon cheann de na Páirtithe a mhalairt in iúl.

*Airteagal 7*

**Coistí agus Meithleacha**

(1) Mar a fhoráiltear in Airteagal 92(4)(b) den Chomhaontú, féadfaidh an Chomhairle coistí agus meithleacha a bhunú chun déileáil le saincheisteanna sonracha ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla.

(2) Féadfaidh an Chomhairle cumhachtaí a tharmligean chuig na coistí agus chuig na meithleacha sin.

(3) Cuirfidh na coistí agus na meithleacha tuarascálacha ar a gcuid oibre faoi bhráid na Comhairle.

(4) Féadfaidh na coistí agus na meithleacha a rialacha nós imeachta a leagan síos le comhaontú ón gComhairle.

(5) Gan dochar do mhíreanna 1 go 4, féadfaidh an Chomhairle, i gcaitheamh a cruinnithe, ullmhú a himeachtaí agus a conclúidí ar mhíreanna sonracha ar an gclár oibre a tharmligean chuig meithleacha airí a chomhdhéantar ar bhonn paireachta.

*Airteagal 8*

**Breathnóirí**

(1) Féadfaidh ionadaithe do na tíortha agus do na heagraíochtaí seo a leanas freastal ar sheisiúin na Comhairle, mar bhreathnóirí, arna iarraidh sin dóibh agus tar éis do Chomhchathaoirligh na Comhairle glacadh leis an iarraidh sin:

(a) stáit shínithe sa Chomhaontú a bhaineann le Páirtí Stáit na hAfraice nár thug na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 98(1) agus (2) den Chomhaontú i gcrích go fóill ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe;

(b) tíortha san Afraic atá ag cur isteach ar aontachas leis an gComhaontú faoi na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 102 den Chomhaontú;

(c) tíortha is comhaltaí de ESACC san Afraic, ach nach páirtithe sa Chomhaontú go fóill iad agus tíortha san Afraic ag a bhfuil stádas breathnóra in ESACC;

(d) tíortha agus críocha thar lear an Aontais (TCTLanna) san Afraic;

(e) na réigiúin is forimeallaí de chuid an Aontais san Afraic;

(f) eagraíochtaí, comhlachtaí agus grúpaí réigiúnacha agus fo-réigiúnacha ón Afraic;

(g) féadfaidh tríú gníomhaithe eile, lena n-áirítear eagraíochtaí réigiúnacha agus ilchríochacha, a bheith rannpháirteach mar bhreathnóirí i seisiúin den Chomhairle arna iarraidh sin dóibh nó ar cuireadh a fháil ó na Comhchathaoirligh ar bhonn *ad hoc*.

(2) Maidir le breathnóirí a ghlacann páirt i gcruinniú:

(a) níl cead acu vóta a chaitheamh i nósanna imeachta foirmiúla cinnteoireachta, mar a shonraítear sna rialacha nós imeachta;

(b) níl cead acu ráitis ó bhéal a dhéanamh le linn an chruinnithe, ach amháin má iarrann na Comhchathaoirligh orthu déanamh amhlaidh;

(c) níl cead acu páirt a ghlacadh sna seisiúin iata ná freastal ar na seisiúin sin;

(d) féadfar iarraidh orthu páirt a ghlacadh i gcruinnithe sonracha, mar shampla, comhdhálacha earnála airí, siompóisiamaí agus cruinnithe saineolaithe;

(e) féadfaidh siad faisnéis agus doiciméadacht neamhrúnda a scaipeann an Rúnaíocht a fháil.

*Airteagal 9*

**Rannpháirteachas leis na páirtithe leasmhara**

(1) Beidh rannpháirteachas leis na páirtithe leasmhara ann i gcomhréir leis na sásraí oscailte trédhearcacha le haghaidh comhairliúchán struchtúrtha leis na páirtithe leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 95 den Chomhaontú.

(2) Mar a fhoráiltear in Airteagal 95(2), cuirfear na páirtithe leasmhara ar an eolas go tráthúil agus beidh siad in ann ionchuir a sholáthar i bpróiseas leathan an idirphlé, go háirithe i bhfianaise chruinnithe na Comhairle faoi leith.

*Airteagal 10*

**Rúndacht agus foilseacháin oifigiúla**

(1) Mura gcinnfear a mhalairt, ní bheidh cruinnithe na Comhairle ina gcruinnithe poiblí. Beidh pas de dhíth chun rochtain a fháil ar chruinnithe na Comhairle.

(2) Gan dochar d'fhorálacha eile den sórt sin a bhféadfadh feidhm a bheith acu, cumhdófar plé na Comhairle le hoibleagáid na rúndachta gairmiúla mura rud é go gcinneann an Chomhairle a mhalairt.

(3) Féadfaidh gach páirtí a chinneadh cinntí agus moltaí na Comhairle a fhoilsiú ina bhfoilseacháin oifigiúla féin.

*Airteagal 11*

**Teachtaireachtaí agus miontuairiscí na gcruinnithe**

(1) Na teachtaireachtaí uile dá bhforáiltear sna rialacha nós imeachta seo, tarchuirfear iad trí Rúnaíocht na Comhairle chuig ionadaithe gach Ballstáit san Afraic, Rúnaíocht ESACC, Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, Buanionadaithe Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach.

(2) Cuirfear na teachtaireachtaí sin chuig Uachtarán BEI freisin i gcás ina mbaineann siad le BEI.

(3) Tarraingeoidh Rúnaíocht na Comhairle miontuairiscí gach cruinnithe suas agus glacfaidh na Comhchathaoirligh iad trí bhíthin nós imeachta i scríbhinn, agus tabharfar aird go háirithe ar na cinntí a rinne an Chomhairle.

(4) Cuirfear cóip de na miontuairiscí ar aghaidh chuig na faighteoirí dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 12*

**Doiciméadacht**

Mura gcinnfear a mhalairt, déanfaidh an Chomhairle a plé ar bhonn na ndoiciméad a dhréachtaítear i dteangacha oifigiúla na bpáirtithe.

*Airteagal 13*

**Foirmeacha na ngníomhartha**

(1) Cinntí agus moltaí de réir bhrí Airteagal 92(3) den Chomhaontú, roinnfear ina n-airteagail iad.

(2) Tabharfar i gcrích iad leis an bhfoirmle 'Arna dhéanamh i/in/sa/san …', '(dáta)', is é an dáta a ghlacfaidh an Chomhairle iad a bheidh i gceist.

(3) Maidir le cinntí de réir bhrí Airteagal 92(3) den Chomhaontú, tabharfar an teideal 'Cinneadh' orthu agus tabharfar sraithuimhir, dáta glactha agus tuairisc ar ábhar an chinnidh freisin.

(4) Sonrófar i gcinntí an dáta ar a bhfuil siad le teacht i bhfeidhm. Beidh an abairt seo a leanas iontu: 'Ceanglófar ar Pháirtí Stáit na hAfraice, ar an Aontas Eorpach agus ar a Bhallstáit, agus gach ceann ar leith díobh ar a chonlán féin, na bearta is gá a dhéanamh chun an Cinneadh seo a chur chun feidhme'.

(5) Maidir le moltaí de réir bhrí Airteagal 92(3) den Chomhaontú, tabharfar an teideal 'Moladh' orthu agus tabharfar sraithuimhir, dáta glactha agus tuairisc ar ábhar an mholta freisin.

(6) Síneoidh an Cathaoirleach atá i gceannas cinntí agus moltaí a ghlacann an Chomhairle agus coimeádfar i gcartlann na Comhairle iad.

(7) Tarchuirfear na cinntí agus na moltaí, trí Rúnaíocht na Comhairle, chuig na faighteoirí dá dtagraítear in Airteagal 11.

*Airteagal 14*

**Coiste AE-an Afraic**

(1) Féadfaidh an Chomhairle cumhachtaí a tharmligean chuig Coiste AE-an Afraic i gcomhréir le hAirteagal 92(4)(b) den Chomhaontú.

(2) Leagtar síos na dálaí faoina dtiocfaidh Coiste AE-an Afraic le chéile sna rialacha nós imeachta.

(3) Ullmhóidh Coiste AE-an Afraic seisiúin na Comhairle agus tabharfaidh sé cúnamh di a cúraimí a chur i gcrích, agus comhlíonfaidh sé aon sainordú a chuireann an Chomhairle de chúram air.

*Airteagal 15*

**Rannpháirtíocht i dTionól Parlaiminteach AE-an Afraic**

Nuair a fhreastalóidh an Chomhairle ar chruinnithe de Thionól Parlaiminteach AE-an Afraic, is iad na Comhchathaoirligh a dhéanfaidh ionadaíocht di.

*Airteagal 16*

**Comhsheasmhacht le beartais an Aontais agus tionchar ar chur chun feidhme Chomhaontú Comhpháirtíochta AE-ESACC**

(1) Nuair a iarrann Stáit ESACC comhairliúcháin de bhun Airteagal 4(2) den Chomhaontú, reáchtálfar na comhairliúcháin sin go pras, mar riail ghinearálta laistigh de 21 lá ón iarraidh.

(2) D'fhéadfadh an Chomhairle, COSLA nó meitheal *ad hoc* a bheith i gceist leis an gcomhlacht atá freagrach.

*Airteagal 17*

**An Rúnaíocht**

(1) Reáchtálfaidh beirt rúnaithe Rúnaíocht na Comhairle agus Rúnaíocht an Choiste i gcomhpháirt.

(2) Ceapfar beirt rúnaithe tar éis comhairliúchán comhpháirteach, ceapfaidh Páirtí Stáit na hAfraice duine amháin agus ceapfaidh an tAontas Eorpach an duine eile.

(3) Cuirfidh na rúnaithe a gcúraimí i gcrích i neamhspleáchas iomlán ag féachaint do leasanna an Chomhaontaithe amháin agus ní lorgóidh siad ná ní ghlacfaidh siad le treoracha ó aon Rialtas, eagraíocht ná údarás seachas an Chomhairle agus an Coiste.

(4) Cuirfear comhfhreagras atá beartaithe le haghaidh na Comhairle chuig Comhchathaoirligh na Comhairle ag suíomh Rúnaíocht na Comhairle.

**IARSCRÍBHINN III – Rialacha Nós Imeachta Chomhairle Airí AE-an Chairib**

*Airteagal 1*

**Raon feidhme**

Ní bheidh na forálacha faoi na Rialacha Nós Imeachta seo ina gceangal ach amháin ar na páirtithe a cheanglaítear faoi Phrótacal Réigiúnach na Cairibe, i gcomhréir le hAirteagal 1(1) de Phrótacal Réigiúnach na Cairibe den Chomhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile a síníodh i Samó an 15 Samhain 2023, dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta.

*Airteagal 2*

**Dátaí agus suíomh na gcruinnithe**

(1) Cuirfidh Comhairle Airí AE-an Chairib, dá ngairtear 'an Chomhairle' anseo feasta a cúraimí i gcrích mar a fhoráiltear in Airteagal 92 den Chomhaontú. Ní imeoidh cinntí ná moltaí na Comhairle ó chinntí Comhairle na nAirí AE-ESACC.

(2) Tiocfaidh an Chomhairle le chéile i gcruinniú i bprionsabal gach 2 bhliain agus aon uair a mheasfar gá a bheith leis ar thionscnamh na gComhchathaoirleach, i bhfoirm agus i gcomhdhéanamh is iomchuí do na saincheisteanna a bhfuiltear le haghaidh a thabhairt orthu.

(3) Mar a fhoráiltear in Airteagal 92(1)(a) den Chomhaontú, is é a bheidh sa Chomhairle, ar thaobh amháin, ionadaí do gach Páirtí Stáit na Cairibe ar leibhéal aireachta agus, ar an taobh eile, ionadaithe don Aontas Eorpach agus do na Ballstáit ar leibhéal aireachta.

(4) Is iad na Comhchathaoirligh a thionólfaidh an Chomhairle. Socrófar dátaí a cruinnithe de chomhthoil idir na páirtithe.

(5) Tiocfaidh an Chomhairle le chéile le haghaidh gach ré cruinniú sa Bhruiséil nó in áit a roghnaíonn Páirtí Stáit na Cairibe, i gcomhréir leis an gcinneadh a rinne an Chomhairle.

(6) Féadfaidh an Chomhairle teacht le chéile i bhformáid fhíorúil nó hibrideach i gcás ina bhfágann na himthosca gur gá sin, arna chinneadh sin do na Comhchathaoirligh.

*Airteagal 3*

**Comhchathaoirligh**

(1) Mar a fhoráiltear in Airteagal 92(1) den Chomhaontú, déanfaidh an Cathaoirleach a ainmneoidh Páirtí Stáit na Cairibe ar thaobh amháin, agus ionadaí ón Aontas ar an leibhéal polaitiúil ar an taobh eile, comhchathaoirleacht ar an gComhairle.

(2) Déanfar sealaíocht mar Chathaoirleach ar an gComhairle mar a leanas:

- ón 1 Aibreán go dtí an 30 Meán Fómhair, comhalta de Rialtas Pháirtí Stáit na Cairibe a bheidh ina chathaoirleach,
- ón 1 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Márta, ionadaí don Aontas Eorpach ar an leibhéal polaitiúil a bheidh ina chathaoirleach.

*Airteagal 4*

**Clár oibre na gcruinnithe**

(1) Is é an Cathaoirleach atá i gceannas a tharraingeoidh clár oibre sealadach suas le haghaidh gach cruinnithe. Cuirfear an clár in iúl do chomhaltaí eile na Comhairle 30 lá ar a laghad roimh thús an chruinnithe. Is éard a bheidh ar an gclár oibre sealadach na míreanna sin a bhfuair an Cathaoirleach atá i gceannas iarraidh 30 lá ar a laghad roimh thús an chruinnithe go gcuirfí san áireamh iad.

(2) Is éard a bheidh sna míreanna a bheidh le cur ar an gclár oibre sealadach míreanna ar tarchuireadh doiciméadacht ina leith chuig rúnaíocht na Comhairle in am trátha lena cur ar aghaidh chuig comhaltaí na Comhairle agus chuig comhaltaí Choiste AE-an Chairib, dá ngairtear 'an Coiste' anseo feasta, 21 lá ar a laghad roimh thús an chruinnithe.

(3) Glacfaidh an Chomhairle an clár oibre ag tús gach cruinnithe. I gcásanna práinne, féadfaidh an Chomhairle cinneadh a dhéanamh, arna iarraidh sin do Pháirtí Stáit na Cairibe nó don Aontas Eorpach, míreanna a chur ar an gclár oibre nár urramaíodh na teorainneacha ama a leagtar síos i mír 1 ina leith.

(4) Féadfar an clár oibre sealadach a roinnt ina Chuid A, Chuid B agus Chuid C:

– is éard a bheidh sna míreanna a chuirfear faoi Chuid A míreanna is féidir leis an gComhairle a fhormheas gan phlé;

– is éard a bheidh sna míreanna a chuirfear faoi Chuid B míreanna nach mór don Chomhairle a phlé sula bhformheastar iad;

– pléifear míreanna a chuirfear isteach faoi Chuid C le linn seisiún tuairimíochta neamhfhoirmiúil.

*Airteagal 5*

**Imeachtaí**

(1) I gcomhréir le hAirteagal 92(2)(b) den Chomhaontú, glacfaidh an Chomhairle cinntí atá ceangailteach ar na Páirtithe uile i bPrótacal Réigiúnach na Cairibe mura sonraítear a mhalairt, nó déanfaidh sí moltaí a bhaineann le haon cheann dá feidhmeanna a liostaítear in Airteagal 88(4) den Chomhaontú de chomhthoil na bPáirtithe.

(2) Má thagann an Chomhairle le chéile i bhformáid fhíorúil nó hibrideach, leanfaidh glacadh cinntí agus moltaí an nós imeachta i scríbhinn in Airteagal 5.

(3) Ní bheidh imeachtaí na Comhairle bailí ach amháin má bhíonn ionadaithe an Aontais Eorpaigh, ar a laghad leath de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus ar a laghad dhá thrian de Bhallstáit Phrótacal Réigiúnach na Cairibe i láthair.

(4) Féadfar ionadaíocht a dhéanamh do chomhaltaí uile na Comhairle nach féidir leo freastal ar an gcruinniú. Sa chás sin, cuirfidh siad an Cathaoirleach atá i gceannas ar an eolas agus tabharfaidh siad le fios an duine nó an toscaireacht atá údaraithe ionadaíocht a dhéanamh dóibh. Feidhmeoidh an t-ionadaí cearta uile an chomhalta nach féidir leis freastal ar an gcruinniú.

(5) Féadfaidh comhairleoirí comhaltaí na Comhairle a thionlacan chun cúnamh a thabhairt dóibh.

(6) Cuirfear comhdhéanamh gach toscaireachta in iúl don Chathaoirleach atá i gceannas roimh thús gach seisiúin.

(7) Beidh ionadaí don Bhanc Eorpach Infheistíochta, dá ngairtear 'BEI' anseo feasta, i láthair ag seisiúin na Comhairle nuair a bheidh ábhair a bhaineann le réimsí feidhme BEI ar an gclár oibre.

*Airteagal 6*

**Nós imeachta i scríbhinn**

(1) Mar a fhoráiltear in Airteagal 92(4)(a) den Chomhaontú, féadfaidh an Chomhairle cinntí nó moltaí a dhéanamh trí bhíthin nós imeachta i scríbhinn. Féadfaidh aon cheann de na Páirtithe a mholadh go n-úsáidfear nós imeachta i scríbhinn agus féadfar é a thionscnamh tar éis comhaontú na gComhchathaoirleach a fháil.

(2) An tráth céanna a chinntear an nós imeachta i scríbhinn a úsáid, féadfar teorainn ama a shocrú nach mór freagraí a thabhairt laistigh di. Ar dul in éag na teorann ama sin, féadfaidh an Cathaoirleach atá i gceannas teacht ar an gconclúid, i bhfianaise na bhfreagraí a fuarthas, gur thángthas ar chomhaontú, mura rud é go gcuireann aon cheann de na Páirtithe a mhalairt in iúl.

*Airteagal 7*

**Coistí agus Meithleacha**

(1) Mar a fhoráiltear in Airteagal 92(4)(b) den Chomhaontú, féadfaidh an Chomhairle coistí agus meithleacha a bhunú chun déileáil le saincheisteanna sonracha ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla.

(2) Féadfaidh an Chomhairle cumhachtaí a tharmligean chuig na coistí agus chuig na meithleacha sin.

(3) Cuirfidh na coistí agus na meithleacha tuarascálacha ar a gcuid oibre faoi bhráid na Comhairle.

(4) Féadfaidh na coistí agus na meithleacha a rialacha nós imeachta a leagan síos le comhaontú ón gComhairle.

(5) Gan dochar do mhíreanna 1 go 4, féadfaidh an Chomhairle, i gcaitheamh a cruinnithe, ullmhú a himeachtaí agus a conclúidí ar mhíreanna sonracha ar an gclár oibre a tharmligean chuig meithleacha airí a chomhdhéantar ar bhonn paireachta.

*Airteagal 8*

**Breathnóirí**

(1) Féadfaidh ionadaithe do na tíortha agus do na heagraíochtaí seo a leanas freastal ar sheisiúin na Comhairle, mar bhreathnóirí, arna iarraidh sin dóibh agus tar éis do Chomhchathaoirligh na Comhairle glacadh leis an iarraidh sin:

(a) stáit shínithe sa Chomhaontú a bhaineann le Páirtí Stáit na Cairibe nár thug na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 98(1) agus (2) den Chomhaontú i gcrích go fóill ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe;

(b) tíortha sa Chairib atá ag cur isteach ar aontachas leis an gComhaontú faoi na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 102 den Chomhaontú;

(c) tíortha is comhaltaí de ESACC sa Chairib, ach nach páirtithe sa Chomhaontú go fóill iad agus tíortha sa Chairib ag a bhfuil stádas breathnóra in ESACC;

(d) tíortha agus críocha thar lear an Aontais (TCTLanna) sa Chairib;

(e) na réigiúin is forimeallaí de chuid an Aontais sa Chairib;

(f) eagraíochtaí, comhlachtaí agus grúpaí réigiúnacha agus fo-réigiúnacha ón gCairib;

(g) féadfaidh tríú gníomhaithe eile, lena n-áirítear eagraíochtaí réigiúnacha agus ilchríochacha, a bheith rannpháirteach mar bhreathnóirí i seisiúin den Chomhairle arna iarraidh sin dóibh nó ar cuireadh a fháil ó na Comhchathaoirligh ar bhonn *ad hoc*.

(2) Maidir le breathnóirí a ghlacann páirt i gcruinniú:

(a) níl cead acu vóta a chaitheamh i nósanna imeachta foirmiúla cinnteoireachta, mar a shonraítear sna rialacha nós imeachta;

(b) níl cead acu ráitis ó bhéal a dhéanamh le linn an chruinnithe, ach amháin má iarrann na Comhchathaoirligh orthu déanamh amhlaidh;

(c) níl cead acu páirt a ghlacadh sna seisiúin iata ná freastal ar na seisiúin sin;

(d) féadfar iarraidh orthu páirt a ghlacadh i gcruinnithe sonracha, mar shampla, comhdhálacha earnála airí, siompóisiamaí agus cruinnithe saineolaithe;

(e) féadfaidh siad faisnéis agus doiciméadacht neamhrúnda a scaipeann an Rúnaíocht a fháil.

*Airteagal 9*

**Rannpháirteachas leis na páirtithe leasmhara**

(1) Beidh rannpháirteachas leis na páirtithe leasmhara ann i gcomhréir leis na sásraí oscailte trédhearcacha le haghaidh comhairliúchán struchtúrtha leis na páirtithe leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 95 den Chomhaontú.

(2) Mar a fhoráiltear in Airteagal 95(2), cuirfear na páirtithe leasmhara ar an eolas go tráthúil agus beidh siad in ann ionchuir a sholáthar i bpróiseas leathan an idirphlé, go háirithe i bhfianaise chruinnithe na Comhairle faoi leith.

*Airteagal 10*

**Rúndacht agus foilseacháin oifigiúla**

(1) Mura gcinnfear a mhalairt, ní bheidh cruinnithe na Comhairle ina gcruinnithe poiblí. Beidh pas de dhíth chun rochtain a fháil ar chruinnithe na Comhairle.

(2) Gan dochar d'fhorálacha eile den sórt sin a bhféadfadh feidhm a bheith acu, cumhdófar plé na Comhairle le hoibleagáid na rúndachta gairmiúla mura rud é go gcinneann an Chomhairle a mhalairt.

(3) Féadfaidh gach páirtí a chinneadh cinntí agus moltaí na Comhairle a fhoilsiú ina bhfoilseacháin oifigiúla féin.

*Airteagal 11*

**Teachtaireachtaí agus miontuairiscí na gcruinnithe**

(1) Na teachtaireachtaí uile dá bhforáiltear sna rialacha nós imeachta seo, tarchuirfear iad trí Rúnaíocht na Comhairle chuig ionadaithe gach Ballstáit sa Chairib, Rúnaíocht ESACC, Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, Buanionadaithe Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach.

(2) Cuirfear na teachtaireachtaí sin chuig Uachtarán BEI freisin i gcás ina mbaineann siad le BEI.

(3) Tarraingeoidh Rúnaíocht na Comhairle miontuairiscí gach cruinnithe suas agus glacfaidh na Comhchathaoirligh iad trí bhíthin nós imeachta i scríbhinn, agus tabharfar aird go háirithe ar na cinntí a rinne an Chomhairle.

(4) Cuirfear cóip de na miontuairiscí ar aghaidh chuig na faighteoirí dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 12*

**Doiciméadacht**

Mura gcinnfear a mhalairt, déanfaidh an Chomhairle a plé ar bhonn na ndoiciméad a dhréachtaítear i dteangacha oifigiúla na bpáirtithe.

*Airteagal 13*

**Foirmeacha na ngníomhartha**

(1) Cinntí agus moltaí de réir bhrí Airteagal 92(3) den Chomhaontú, roinnfear ina n-airteagail iad.

(2) Tabharfar i gcrích iad leis an bhfoirmle 'Arna dhéanamh i/in/sa/san …', '(dáta)', is é an dáta a ghlacfaidh an Chomhairle iad a bheidh i gceist.

(3) Maidir le cinntí de réir bhrí Airteagal 92(3) den Chomhaontú, tabharfar an teideal 'Cinneadh' orthu agus tabharfar sraithuimhir, dáta glactha agus tuairisc ar ábhar an chinnidh freisin.

(4) Sonrófar i gcinntí an dáta ar a bhfuil siad le teacht i bhfeidhm. Beidh an abairt seo a leanas iontu: 'Ceanglófar ar Pháirtí Stáit na Cairibe, ar an Aontas Eorpach agus ar a Bhallstáit, agus gach ceann ar leith díobh ar a chonlán féin, na bearta is gá a dhéanamh chun an Cinneadh seo a chur chun feidhme'.

(5) Maidir le moltaí de réir bhrí Airteagal 92(3) den Chomhaontú, tabharfar an teideal 'Moladh' orthu agus tabharfar sraithuimhir, dáta glactha agus tuairisc ar ábhar an mholta freisin.

(6) Síneoidh an Cathaoirleach atá i gceannas cinntí agus moltaí a ghlacann an Chomhairle agus coimeádfar i gcartlann na Comhairle iad.

(7) Tarchuirfear na cinntí agus na moltaí, trí Rúnaíocht na Comhairle, chuig na faighteoirí dá dtagraítear in Airteagal 11.

*Airteagal 14*

**Coiste AE-an Chairib**

(1) Féadfaidh an Chomhairle cuid dá cumhachtaí a tharmligean chuig Coiste AE-an Chairib i gcomhréir le hAirteagal 92(4)(b) den Chomhaontú.

(2) Leagtar síos na dálaí faoina dtiocfaidh Coiste AE-an Chairib le chéile sna rialacha nós imeachta.

(3) Ullmhóidh Coiste AE-an Chairib seisiúin na Comhairle agus tabharfaidh sé cúnamh di a cúraimí a chur i gcrích, agus comhlíonfaidh sé aon sainordú a chuireann an Chomhairle de chúram air.

*Airteagal 15*

**Rannpháirtíocht i dTionól Parlaiminteach AE-an Chairib**

Nuair a fhreastalóidh an Chomhairle ar chruinnithe de Thionól Parlaiminteach AE-an Chairib, is iad na Comhchathaoirligh a dhéanfaidh ionadaíocht di.

*Airteagal 16*

**Comhsheasmhacht le beartais an Aontais Eorpaigh agus tionchar ar chur chun feidhme Chomhaontú Comhpháirtíochta AE-ESACC**

(1) Nuair a iarrann Stáit ESACC comhairliúcháin de bhun Airteagal 4(2) den Chomhaontú, reáchtálfar na comhairliúcháin sin go pras, mar riail ghinearálta laistigh de 21 lá ón iarraidh.

(2) D'fhéadfadh an Chomhairle, COSLA nó meitheal *ad hoc* a bheith i gceist leis an gcomhlacht atá freagrach.

*Airteagal 17*

**An Rúnaíocht**

(1) Reáchtálfaidh beirt rúnaithe Rúnaíocht na Comhairle agus Rúnaíocht an Choiste i gcomhpháirt.

(2) Ceapfar an bheirt rúnaithe sin tar éis comhairliúchán comhpháirteach, ceapfaidh Páirtí Stáit na Cairibe duine amháin agus ceapfaidh an tAontas Eorpach an duine eile.

(3) Cuirfidh na rúnaithe a gcúraimí i gcrích i neamhspleáchas iomlán ag féachaint do leasanna an Chomhaontaithe amháin agus ní lorgóidh siad ná ní ghlacfaidh siad le treoracha ó aon Rialtas, eagraíocht ná údarás seachas an Chomhairle agus an Coiste.

(4) Cuirfear comhfhreagras atá beartaithe le haghaidh na Comhairle chuig Comhchathaoirligh na Comhairle ag suíomh Rúnaíocht na Comhairle.

**IARSCRÍBHINN IV – Rialacha Nós Imeachta Chomhairle Airí AE-an tAigéan Ciúin**

*Airteagal 1*

**Raon feidhme**

Ní bheidh na forálacha faoi na Rialacha Nós Imeachta seo ina gceangal ach amháin ar na páirtithe a cheanglaítear faoi Phrótacal Réigiúnach an Aigéin Chiúin, de réir Airteagal 1(1) de Phrótacal Réigiúnach an Aigéin Chiúin den Chomhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile a síníodh i Samó an 15 Samhain 2023, dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta.

*Airteagal 2*

**Dátaí agus suíomh na gcruinnithe**

(1) Cuirfidh Comhairle Airí AE-an tAigéan Ciúin, dá ngairtear 'an Chomhairle' anseo feasta, a cúraimí i gcrích mar a fhoráiltear in Airteagal 92 den Chomhaontú. Ní imeoidh cinntí ná moltaí na Comhairle ó chinntí Comhairle na nAirí AE-ESACC.

(2) Tiocfaidh an Chomhairle le chéile i gcruinniú i bprionsabal gach 2 bhliain agus aon uair a mheasfar gá a bheith leis ar thionscnamh na gComhchathaoirleach, i bhfoirm agus i gcomhdhéanamh is iomchuí do na saincheisteanna a bhfuiltear le haghaidh a thabhairt orthu.

(3) Mar a fhoráiltear in Airteagal 92(1)(a) den Chomhaontú, is é a bheidh sa Chomhairle, ar thaobh amháin, ionadaí do gach Páirtí Stáit san Aigéan Ciúin ar leibhéal aireachta agus, ar an taobh eile, ionadaithe don Aontas Eorpach agus do na Ballstáit ar leibhéal aireachta.

(4) Is iad na Comhchathaoirligh a thionólfaidh an Chomhairle. Socrófar dátaí a cruinnithe de chomhthoil idir na páirtithe.

(5) Tiocfaidh an Chomhairle le chéile le haghaidh gach ré cruinniú sa Bhruiséil nó in áit a roghnaíonn Páirtí Stáit an Aigéin Chiúin, i gcomhréir leis an gcinneadh a rinne an Chomhairle.

(6) Féadfaidh an Chomhairle teacht le chéile i bhformáid fhíorúil nó hibrideach i gcás ina bhfágann na himthosca gur gá sin, arna chinneadh sin do na Comhchathaoirligh.

*Airteagal 3*

**Comhchathaoirligh**

(1) Mar a fhoráiltear in Airteagal 92(1) den Chomhaontú, déanfaidh an Cathaoirleach a ainmneoidh Páirtí Stáit an Aigéin Chiúin ar thaobh amháin agus ionadaí don Aontas ar an leibhéal polaitiúil ar an taobh eile comhchathaoirleacht ar an gComhairle.

(2) Déanfar sealaíocht mar Chathaoirleach ar an gComhairle mar a leanas:

- ón 1 Aibreán go dtí an 30 Meán Fómhair, comhalta de Rialtas Pháirtí Stáit an Aigéin Chiúin a bheidh ina chathaoirleach,
- ón 1 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Márta, ionadaí don Aontas Eorpach ar an leibhéal polaitiúil a bheidh ina chathaoirleach.

*Airteagal 4*

**Clár oibre na gcruinnithe**

(1) Is é an Cathaoirleach atá i gceannas a tharraingeoidh clár oibre sealadach suas le haghaidh gach cruinnithe. Cuirfear an clár in iúl do chomhaltaí eile na Comhairle 30 lá ar a laghad roimh thús an chruinnithe. Is éard a bheidh ar an gclár oibre sealadach na míreanna sin a bhfuair an Cathaoirleach atá i gceannas iarraidh 30 lá ar a laghad roimh thús an chruinnithe go gcuirfí san áireamh iad.

(2) Is éard a bheidh sna míreanna a bheidh le cur ar an gclár oibre sealadach míreanna ar tarchuireadh doiciméadacht ina leith chuig rúnaíocht na Comhairle in am trátha lena cur ar aghaidh chuig comhaltaí na Comhairle agus chuig comhaltaí Choiste AE-an tAigéan Ciúin, dá ngairtear ‘an Coiste’ anseo feasta, 21 lá ar a laghad roimh thús an chruinnithe.

(3) Glacfaidh an Chomhairle an clár oibre ag tús gach cruinnithe. I gcásanna práinne, féadfaidh an Chomhairle cinneadh a dhéanamh, arna iarraidh sin do Pháirtí Stáit an Aigéin Chiúin nó don Aontas Eorpach, míreanna a chur ar an gclár oibre nár urramaíodh na teorainneacha ama a leagtar síos i mír 1 ina leith.

(4) Féadfar an clár oibre sealadach a roinnt ina Chuid A, Chuid B agus Chuid C:

– is éard a bheidh sna míreanna a chuirfear faoi Chuid A míreanna is féidir leis an gComhairle a fhormheas gan phlé;

– is éard a bheidh sna míreanna a chuirfear faoi Chuid B míreanna nach mór don Chomhairle a phlé sula bhformheastar iad;

– pléifear míreanna a chuirfear isteach faoi Chuid C le linn seisiún tuairimíochta neamhfhoirmiúil.

*Airteagal 5*

**Imeachtaí**

(1) I gcomhréir le hAirteagal 92(2)(b) den Chomhaontú, glacfaidh an Chomhairle cinntí atá ceangailteach ar na Páirtithe uile i bPrótacal Réigiúnach an Aigéin Chiúin mura sonraítear a mhalairt, nó déanfaidh sí moltaí a bhaineann le haon cheann dá feidhmeanna a liostaítear in Airteagal 88(4) den Chomhaontú de chomhthoil na bPáirtithe.

(2) Má thagann an Chomhairle le chéile i bhformáid fhíorúil nó hibrideach, leanfaidh glacadh cinntí agus moltaí an nós imeachta i scríbhinn a leagtar síos in Airteagal 5.

(3) Ní bheidh imeachtaí na Comhairle bailí ach amháin má bhíonn ionadaithe an Aontais Eorpaigh, ar a laghad leath de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus ar a laghad dhá thrian de Bhallstáit Phrótacal Réigiúnach an Aigéin Chiúin i láthair.

(4) Féadfar ionadaíocht a dhéanamh do chomhaltaí uile na Comhairle nach féidir leo freastal ar an gcruinniú. Sa chás sin, cuirfidh siad an Cathaoirleach atá i gceannas ar an eolas agus tabharfaidh siad le fios an duine nó an toscaireacht atá údaraithe ionadaíocht a dhéanamh dóibh. Feidhmeoidh an t-ionadaí cearta uile an chomhalta nach féidir leis freastal ar an gcruinniú.

(5) Féadfaidh comhairleoirí comhaltaí na Comhairle a thionlacan chun cúnamh a thabhairt dóibh.

(6) Cuirfear comhdhéanamh gach toscaireachta in iúl don Chathaoirleach atá i gceannas roimh thús gach seisiúin.

(7) Beidh ionadaí don Bhanc Eorpach Infheistíochta, dá ngairtear 'BEI' anseo feasta, i láthair ag seisiúin na Comhairle nuair a bheidh ábhair a bhaineann le réimsí feidhme BEI ar an gclár oibre.

*Airteagal 6*

**Nós imeachta i scríbhinn**

(1) Mar a fhoráiltear in Airteagal 92(4)(a) den Chomhaontú, féadfaidh an Chomhairle cinntí nó moltaí a dhéanamh trí bhíthin nós imeachta i scríbhinn. Féadfaidh aon cheann de na Páirtithe a mholadh go n-úsáidfear nós imeachta i scríbhinn agus féadfar é a thionscnamh tar éis comhaontú na gComhchathaoirleach a fháil.

(2) An tráth céanna a chinntear an nós imeachta i scríbhinn a úsáid, féadfar teorainn ama a shocrú nach mór freagraí a thabhairt laistigh di. Ar dul in éag na teorann ama sin, féadfaidh an Cathaoirleach atá i gceannas teacht ar an gconclúid, i bhfianaise na bhfreagraí a fuarthas, gur thángthas ar chomhaontú, mura rud é go gcuireann aon cheann de na Páirtithe a mhalairt in iúl.

*Airteagal 7*

**Coistí agus Meithleacha**

(1) Mar a fhoráiltear in Airteagal 92(4)(b) den Chomhaontú, féadfaidh an Chomhairle coistí agus meithleacha a bhunú chun déileáil le saincheisteanna sonracha ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla.

(2) Féadfaidh an Chomhairle cumhachtaí a tharmligean chuig na coistí agus chuig na meithleacha sin.

(3) Cuirfidh na coistí agus na meithleacha tuarascálacha ar a gcuid oibre faoi bhráid na Comhairle.

(4) Féadfaidh na coistí agus na meithleacha a rialacha nós imeachta a leagan síos le comhaontú ón gComhairle.

(5) Gan dochar do mhíreanna 1 go 4, féadfaidh an Chomhairle, i gcaitheamh a cruinnithe, ullmhú a himeachtaí agus a conclúidí ar mhíreanna sonracha ar an gclár oibre a tharmligean chuig meithleacha airí a chomhdhéantar ar bhonn paireachta.

*Airteagal 8*

**Breathnóirí**

(1) Féadfaidh ionadaithe do na tíortha agus do na heagraíochtaí seo a leanas freastal ar sheisiúin na Comhairle, mar bhreathnóirí, arna iarraidh sin dóibh agus tar éis do Chomhchathaoirligh na Comhairle glacadh leis an iarraidh sin:

(a) stáit shínithe sa Chomhaontú a bhaineann le Páirtí Stáit an Aigéin Chiúin nár thug na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 98(1) agus (2) den Chomhaontú i gcrích go fóill ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe;

(b) tíortha san Aigéan Ciúin atá ag cur isteach ar aontachas leis an gComhaontú faoi na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 102 den Chomhaontú;

(c) tíortha is comhaltaí de ESACC san Aigéan Ciúin, ach nach páirtithe sa Chomhaontú go fóill iad agus tíortha san Aigéan Ciúin ag a bhfuil stádas breathnóra in ESACC;

(d) tíortha agus críocha thar lear an Aontais (TCTLanna) san Aigéan Ciúin;

(e) eagraíochtaí, comhlachtaí agus grúpaí réigiúnacha agus fo-réigiúnacha ón Aigéan Ciúin;

(f) féadfaidh tríú gníomhaithe eile, lena n-áirítear eagraíochtaí réigiúnacha agus ilchríochacha, a bheith rannpháirteach mar bhreathnóirí i seisiúin den Chomhairle arna iarraidh sin dóibh nó ar cuireadh a fháil ó na Comhchathaoirligh ar bhonn *ad hoc*.

(2) Maidir le breathnóirí a ghlacann páirt i gcruinniú:

(a) níl cead acu vóta a chaitheamh i nósanna imeachta foirmiúla cinnteoireachta, mar a shonraítear sna rialacha nós imeachta;

(b) níl cead acu ráitis ó bhéal a dhéanamh le linn an chruinnithe, ach amháin má iarrann na Comhchathaoirligh orthu déanamh amhlaidh;

(c) níl cead acu páirt a ghlacadh sna seisiúin iata ná freastal ar na seisiúin sin;

(d) féadfar iarraidh orthu páirt a ghlacadh i gcruinnithe sonracha, mar shampla, comhdhálacha earnála airí, siompóisiamaí agus cruinnithe saineolaithe;

(e) féadfaidh siad faisnéis agus doiciméadacht neamhrúnda a scaipeann an Rúnaíocht a fháil.

*Airteagal 9*

**Rannpháirteachas leis na páirtithe leasmhara**

(1) Beidh rannpháirteachas leis na páirtithe leasmhara ann i gcomhréir leis na sásraí oscailte trédhearcacha le haghaidh comhairliúchán struchtúrtha leis na páirtithe leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 95 den Chomhaontú.

(2) Mar a fhoráiltear in Airteagal 95(2), cuirfear na páirtithe leasmhara ar an eolas go tráthúil agus beidh siad in ann ionchuir a sholáthar i bpróiseas leathan an idirphlé, go háirithe i bhfianaise chruinnithe na Comhairle faoi leith.

*Airteagal 10*

**Rúndacht agus foilseacháin oifigiúla**

(1) Mura gcinnfear a mhalairt, ní bheidh cruinnithe na Comhairle ina gcruinnithe poiblí. Beidh pas de dhíth chun rochtain a fháil ar chruinnithe na Comhairle.

(2) Gan dochar d'fhorálacha eile den sórt sin a bhféadfadh feidhm a bheith acu, cumhdófar plé na Comhairle le hoibleagáid na rúndachta gairmiúla mura rud é go gcinneann an Chomhairle a mhalairt.

(3) Féadfaidh gach páirtí a chinneadh cinntí agus moltaí na Comhairle a fhoilsiú ina bhfoilseacháin oifigiúla féin.

*Airteagal 11*

**Teachtaireachtaí agus miontuairiscí na gcruinnithe**

(1) Na teachtaireachtaí uile dá bhforáiltear sna rialacha nós imeachta seo, tarchuirfear iad trí Rúnaíocht na Comhairle chuig ionadaithe gach Ballstáit san Aigéan Ciúin, Rúnaíocht ESACC, Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, Buanionadaithe Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach.

(2) Cuirfear na teachtaireachtaí sin chuig Uachtarán BEI freisin i gcás ina mbaineann siad le BEI.

(3) Tarraingeoidh Rúnaíocht na Comhairle miontuairiscí gach cruinnithe suas agus glacfaidh na Comhchathaoirligh iad trí bhíthin nós imeachta i scríbhinn, agus tabharfar aird go háirithe ar na cinntí a rinne an Chomhairle.

(4) Cuirfear cóip de na miontuairiscí ar aghaidh chuig na faighteoirí dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 12*

**Doiciméadacht**

Mura gcinnfear a mhalairt, déanfaidh an Chomhairle a plé ar bhonn na ndoiciméad a dhréachtaítear i dteangacha oifigiúla na bpáirtithe.

*Airteagal 13*

**Foirmeacha na ngníomhartha**

(1) Cinntí agus moltaí de réir bhrí Airteagal 92(3) den Chomhaontú, roinnfear ina n-airteagail iad.

(2) Tabharfar i gcrích iad leis an bhfoirmle 'Arna dhéanamh i/in/sa/san …', '(dáta)', is é an dáta a ghlacfaidh an Chomhairle iad a bheidh i gceist.

(3) Maidir le cinntí de réir bhrí Airteagal 92(3) den Chomhaontú, tabharfar an teideal 'Cinneadh' orthu agus tabharfar sraithuimhir, dáta glactha agus tuairisc ar ábhar an chinnidh freisin.

(4) Sonrófar i gcinntí an dáta ar a bhfuil siad le teacht i bhfeidhm. Beidh an abairt seo a leanas iontu: 'Ceanglófar ar Pháirtí Stáit an Aigéin Chiúin, ar an Aontas Eorpach agus ar a Bhallstáit, agus gach ceann ar leith díobh ar a chonlán féin, na bearta is gá a dhéanamh chun an Cinneadh seo a chur chun feidhme'.

(5) Maidir le moltaí de réir bhrí Airteagal 92(3) den Chomhaontú, tabharfar an teideal 'Moladh' orthu agus tabharfar sraithuimhir, dáta glactha agus tuairisc ar ábhar an mholta freisin.

(6) Síneoidh an Cathaoirleach atá i gceannas cinntí agus moltaí a ghlacann an Chomhairle agus coimeádfar i gcartlann na Comhairle iad.

(7) Tarchuirfear na cinntí agus na moltaí, trí Rúnaíocht na Comhairle, chuig na faighteoirí dá dtagraítear in Airteagal 11.

*Airteagal 14*

**Coiste AE-an tAigéan Ciúin**

(1) Féadfaidh an Chomhairle cuid dá cumhachtaí a tharmligean chuig Coiste AE-an tAigéan Ciúin i gcomhréir le hAirteagal 92(4)(b) den Chomhaontú.

(2) Leagtar síos na dálaí faoina dtiocfaidh Coiste AE-an tAigéan Ciúin le chéile sna rialacha nós imeachta.

(3) Ullmhóidh Coiste AE-an tAigéan Ciúin seisiúin na Comhairle agus tabharfaidh sé cúnamh di a cúraimí a chur i gcrích, agus comhlíonfaidh sé aon sainordú a chuireann an Chomhairle de chúram air.

*Airteagal 15*

**Rannpháirtíocht i dTionól Parlaiminteach AE-an tAigéan Ciúin**

Nuair a fhreastalóidh an Chomhairle ar chruinnithe de Thionól Parlaiminteach AE-an tAigéan Ciúin, is iad na Comhchathaoirligh a dhéanfaidh ionadaíocht di.

*Airteagal 16*

**Comhsheasmhacht le beartais an Aontais agus tionchar ar chur chun feidhme Chomhaontú Comhpháirtíochta AE-ESACC**

(1) Nuair a iarrann Stáit ESACC comhairliúcháin de bhun Airteagal 4(2) den Chomhaontú, reáchtálfar na comhairliúcháin sin go pras, mar riail ghinearálta laistigh de 21 lá ón iarraidh.

(2) D'fhéadfadh an Chomhairle, COSLA nó meitheal *ad hoc* a bheith i gceist leis an gcomhlacht atá freagrach.

*Airteagal 17*

**An Rúnaíocht**

(1) Reáchtálfaidh beirt rúnaithe Rúnaíocht na Comhairle agus Rúnaíocht an Choiste i gcomhpháirt.

(2) Ceapfar an bheirt rúnaithe sin tar éis comhairliúchán comhpháirteach, ceapfaidh Páirtí Stáit an Aigéin Chiúin duine amháin agus ceapfaidh an tAontas Eorpach an duine eile.

(3) Cuirfidh na rúnaithe a gcúraimí i gcrích i neamhspleáchas iomlán ag féachaint do leasanna an Chomhaontaithe amháin agus ní lorgóidh siad ná ní ghlacfaidh siad le treoracha ó aon Rialtas, eagraíocht ná údarás seachas an Chomhairle agus an Coiste.

(4) Cuirfear comhfhreagras atá beartaithe le haghaidh na Comhairle chuig Comhchathaoirligh na Comhairle ag suíomh Rúnaíocht na Comhairle.

## IARSCRÍBHINN V – Rialacha Nós Imeachta Choiste na nOifigeach Sinsearach ar Leibhéal Ambasadóra ESACC-AE

*Airteagal 1*

**Dátaí agus suíomh na gcruinnithe**

(1) Cuirfidh Coiste na nOifigeach Sinsearach ar Leibhéal Ambasadóra ESACC-AE, dá ngairtear 'COSLA' anseo feasta, a chúraimí i gcrích mar a fhoráiltear in Airteagal 89 den Chomhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile a síníodh i Samó an 15 Samhain 2023, dá ngairtear 'an Comhaontú'anseo feasta.

(2) Mar a fhoráiltear in Airteagal 89(1) den Chomhaontú, tiocfaidh COSLA le chéile i gcruinniú ar bhonn bliantúil agus ag seisiúin speisialta arna iarraidh sin do na Comhchathaoirligh, agus go háirithe chun ullmhúchán a dhéanamh le haghaidh sheisiúin Chomhairle na nAirí AE-ESACC, dá ngairtear 'an Chomhairle' anseo feasta.

(3) Mar a fhoráiltear in Airteagal 89(1) den Chomhaontú, is é a bheidh in COSLA, ar thaobh amháin, ionadaí do gach Comhalta ESACC ar leibhéal ambasadóra nó ar leibhéal oifigigh shinsearaigh agus Ard-Rúnaí ESACC i gcáil *ex officio* agus, ar an taobh eile, ionadaithe don Aontas Eorpach agus do na Ballstáit ar leibhéal ambasadóra nó ar leibhéal oifigigh shinsearaigh.

(4) Is iad na Comhchathaoirligh a thionólfaidh COSLA. Socrófar dátaí a cruinnithe de chomhthoil idir na páirtithe.

(5) Tiocfaidh COSLA le chéile sa Bhruiséil. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh COSLA teacht le chéile in áit a roghnaíonn ESACC, i gcomhréir leis an gcinneadh a rinne an Coiste.

(6) Féadfaidh an Chomhairle teacht le chéile i bhformáid fhíorúil nó hibrideach i gcás ina bhfágann na himthosca gur gá sin, arna chinneadh sin do na Comhchathaoirligh.

*Airteagal 2*

**Comhchathaoirligh**

Mar a fhoráiltear in Airteagal 89(1) is iad na Páirtithe céanna atá ina gComhchathaoirligh ar an gComhairle a dhéanfaidh comhchathaoirleacht ar COSLA.

*Airteagal 3*

**Feidhmeanna COSLA**

(1) I gcomhréir le hAirteagal 89(2) den Chomhaontú, ullmhóidh COSLA seisiúin na Comhairle agus tabharfaidh sé cúnamh di a cúraimí a chur i gcrích, agus comhlíonfaidh sé aon sainordú a chuireann an Chomhairle de chúram air. Sa chomhthéacs sin, déanfaidh sé faireachán ar chur chun feidhme Chomhaontú AE-ESACC agus ar an dul chun cinn ionsar na cuspóirí a leagtar amach sa chomhaontú a bhaint amach.

(2) Tuairisceoidh COSLA don Chomhairle, go háirithe ar ábhair ar tarmligeadh inniúlacht ina leith.

(3) Cuirfidh sé faoi bhráid na Comhairle freisin aon rún, moladh nó tuairim a mheasann sé is gá nó is iomchuí.

*Airteagal 4*

**Clár oibre na gcruinnithe**

(1) Is é an Cathaoirleach atá i gceannas a tharraingeoidh clár oibre sealadach suas le haghaidh gach cruinnithe. Cuirfear an clár in iúl do chomhaltaí eile COSLA 8 lá ar a laghad roimh dháta an chruinnithe.

(2) Áireofar sa chlár oibre sealadach na míreanna sin a bhfuair na Comhchathaoirligh iarraidh 10 lá ar a laghad roimh dháta an chruinnithe go gcuirfí san áireamh iad. Ní áireofar sa chlár oibre sealadach ach na míreanna ar tarchuireadh doiciméadacht ina leith chuig Rúnaíocht na Comhairle in am trátha lena cur ar aghaidh chuig comhaltaí COSLA, ar a laghad 8 lá roimh dháta an chruinnithe.

(3) Glacfaidh COSLA an clár oibre ag tús gach cruinnithe. I gcásanna práinne, féadfaidh COSLA cinneadh a dhéanamh, arna iarraidh sin do Stáit ESACC nó don Aontas Eorpach, míreanna a chur ar an gclár oibre nár urramaíodh na teorainneacha ama a leagtar síos i mír 1 ina leith.

*Airteagal 5*

**Imeachtaí**

(1) I gcomhréir le hAirteagal 89(1) den Chomhaontú, déanfaidh COSLA cinntí agus moltaí de chomhthoil na bPáirtithe.

(2) Má thagann COSLA le chéile i bhformáid fhíorúil nó hibrideach, leanfaidh glacadh cinntí agus moltaí an nós imeachta i scríbhinn a leagtar síos in Airteagal 6.

(3) Ní bheidh imeachtaí COSLA bailí ach amháin má bhíonn ionadaithe an Aontais Eorpaigh, ar a laghad leath de bhuanionadaithe Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus ar a laghad dhá thrian de chomhaltaí Choiste Ambasadóirí ESACC i láthair.

(4) Féadfar ionadaíocht a dhéanamh do chomhaltaí uile COSLA nach féidir leo freastal ar an gcruinniú. Sa chás sin, cuirfidh siad an Cathaoirleach atá i gceannas ar an eolas agus tabharfaidh siad le fios an duine nó an toscaireacht atá údaraithe ionadaíocht a dhéanamh dóibh. Feidhmeoidh an t-ionadaí cearta uile an chomhalta nach féidir leis freastal ar an gcruinniú.

(5) Féadfaidh comhairleoirí comhaltaí COSLA a thionlacan chun cúnamh a thabhairt dóibh.

(6) Beidh ionadaí don Bhanc Eorpach Infheistíochta, dá ngairtear 'BEI' anseo feasta, i láthair ag cruinnithe COSLA nuair a bheidh ábhair a bhaineann le réimsí feidhme BEI ar an gclár oibre.

*Airteagal 6*

**Nós imeachta i scríbhinn, rúndacht, foilseacháin oifigiúla, doiciméadacht agus foirmeacha na ngníomhartha**

Beidh feidhm ag Airteagail 5, 9, 11 agus 12 de rialacha nós imeachta na Comhairle *inter alia* maidir leis na gníomhartha a ghlacann COSLA.

*Airteagal 7*

**Breathnóirí**

(1) Féadfaidh ionadaithe do na tíortha agus do na heagraíochtaí seo a leanas freastal ar sheisiúin COSLA, mar bhreathnóirí, arna iarraidh sin dóibh agus tar éis do Chomhchathaoirligh COSLA glacadh leis an iarraidh sin:

(a) stáit shínithe sa Chomhaontú nár thug na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 98(1) agus (2) den Chomhaontú i gcrích go fóill ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe;

(b) tíortha atá ag cur isteach ar aontachas leis an gComhaontú faoi na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 102 den Chomhaontú;

(c) tíortha is comhaltaí de ESACC, ach nach páirtithe sa Chomhaontú go fóill iad agus tíortha ag a bhfuil stádas breathnóra in ESACC;

(d) tíortha agus críocha thar lear an Aontais (TCTLanna);

(e) na réigiúin is forimeallaí san Aontas;

(f) eagraíochtaí, comhlachtaí agus grúpaí réigiúnacha agus fo-réigiúnacha ó réigiúin ESACC;

(g) féadfaidh tríú gníomhaithe eile, lena n-áirítear eagraíochtaí réigiúnacha agus ilchríochacha, a bheith rannpháirteach mar bhreathnóirí, i seisiúin COSLA arna iarraidh sin dóibh nó ar cuireadh a fháil ó na Comhchathaoirligh ar bhonn *ad hoc*.

(2) Maidir le breathnóirí a ghlacann páirt i gcruinniú:

(a) níl cead acu vóta a chaitheamh i nósanna imeachta foirmiúla cinnteoireachta, mar a shonraítear sna rialacha nós imeachta;

(b) níl cead acu ráitis ó bhéal a dhéanamh le linn an chruinnithe, ach amháin má iarrann na Comhchathaoirligh orthu déanamh amhlaidh;

(c) níl cead acu páirt a ghlacadh sna seisiúin iata ná freastal ar na seisiúin sin;

(d) féadfar iarraidh orthu páirt a ghlacadh i gcruinnithe sonracha, mar shampla, comhdhálacha earnála COSLA, siompóisiamaí agus cruinnithe saineolaithe;

(e) féadfaidh siad faisnéis agus doiciméadacht neamhrúnda a scaipeann an Rúnaíocht a fháil.

*Airteagal 8*

**Teachtaireachtaí agus miontuairiscí na gcruinnithe**

(1) Na teachtaireachtaí uile dá bhforáiltear sna rialacha nós imeachta seo, tarchuirfear iad trí Rúnaíocht na Comhairle chuig ionadaithe gach Comhalta ESACC, Rúnaíocht ESACC, Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, Buanionadaithe Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach.

(2) Cuirfear na teachtaireachtaí sin chuig BEI freisin i gcás ina mbaineann siad le BEI.

(3) Tarraingeoidh an Rúnaíocht miontuairiscí gach cruinnithe suas agus glacfaidh na Comhchathaoirligh iad trí bhíthin nós imeachta i scríbhinn, agus tabharfaidh siad aird go háirithe ar na cinntí a rinne COSLA.

(4) Cuirfear cóip de na miontuairiscí ar aghaidh chuig na faighteoirí dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 9*

**Fochoistí agus meithleacha**

(1) Féadfaidh COSLA fochoistí nó meithleacha a bhunú chun an obair a mheasann sé is gá a dhéanamh chun na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 89(2) den Chomhaontú a chur i gcrích.

(2) Féadfaidh COSLA cumhachtaí a tharmligean chuig na fochoistí agus chuig na meithleacha sin.

(3) Cuirfidh na fochoistí agus na meithleacha sin tuarascálacha ar a gcuid oibre faoi bhráid COSLA.

(4) Féadfaidh na fochoistí agus na meithleacha a rialacha nós imeachta a leagan síos tar éis comhaontú COSLA a fháil.

(5) Gan dochar do mhíreanna 1 go 4, féadfaidh COSLA, i gcaitheamh a chruinnithe, ullmhú a imeachtaí agus a chonclúidí ar mhíreanna sonracha ar an gclár oibre a tharmligean chuig meithleacha ambasadóirí a chomhdhéantar ar bhonn paireachta.

*Airteagal 10*

**An Rúnaíocht**

Is í an rúnaíocht chéanna a bheidh i gceist le Rúnaíocht COSLA agus Rúnaíocht na Comhairle i gcomhréir le hAirteagal 16 de rialacha nós imeachta na Comhairle.

**IARSCRÍBHINN VI – Rialacha Nós Imeachta Chomhchoiste AE-an Afraic**

*Airteagal 1*

**Raon feidhme**

Ní bheidh na forálacha faoi na Rialacha Nós Imeachta seo ina gceangal ach amháin ar na páirtithe a cheanglaítear faoi Phrótacal Réigiúnach na hAfraice, de réir Airteagal 1(1) de Phrótacal Réigiúnach na hAfraice den Chomhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile a síníodh i Samó an 15 Samhain 2023, dá ngairtear 'an Comhaontú'anseo feasta.

*Airteagal 2*

**Dátaí agus suíomh na gcruinnithe**

(1) Cuirfidh Comhchoiste AE-an Afraic, dá ngairtear 'an Coiste' anseo feasta a chúraimí i gcrích mar a fhoráiltear in Airteagal 93 den Chomhaontú.

(2) Tiocfaidh an Coiste le chéile aon uair a mheastar gá a bheith leis ar thionscnamh na gComhchathaoirleach, agus go háirithe chun ullmhúchán a dhéanamh le haghaidh sheisiúin Chomhairle Airí AE-an Afraic, dá ngairtear 'an Chomhairle' anseo feasta.

(3) Mar a fhoráiltear in Airteagal 93(1) den Chomhaontú, is é a bheidh sa Choiste, ar thaobh amháin, ionadaí do gach Comhalta ESACC san Afraic ar leibhéal ambasadóra nó ar leibhéal oifigigh shinsearaigh agus, ar an taobh eile, ionadaithe don Aontas Eorpach agus do na Ballstáit ar leibhéal ambasadóra nó ar leibhéal oifigigh shinsearaigh.

(4) Is iad na Comhchathaoirligh a thionólfaidh an Coiste. Socrófar dátaí a cruinnithe de chomhthoil idir na páirtithe.

(5) Tiocfaidh an Coiste le chéile sa Bhruiséil. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh an Coiste teacht le chéile in áit a roghnaíonn Páirtí Stáit na hAfraice, i gcomhréir leis an gcinneadh a rinne an Coiste.

(6) Féadfaidh an Chomhairle teacht le chéile i bhformáid fhíorúil nó hibrideach i gcás ina bhfágann na himthosca gur gá sin, arna chinneadh sin do na Comhchathaoirligh.

*Airteagal 3*

**Comhchathaoirligh**

Mar a fhoráiltear in Airteagal 93(2) den Chomhaontú, is iad na Páirtithe céanna atá ina gComhchathaoirligh ar an gComhairle a dhéanfaidh comhchathaoirleacht ar an gCoiste.

*Airteagal 4*

**Feidhmeanna an Choiste**

(1) I gcomhréir le hAirteagal 93(3) den Chomhaontú, ullmhóidh an Coiste seisiúin na Comhairle agus tabharfaidh sé cúnamh di a cúraimí a chur i gcrích, agus comhlíonfaidh sé aon sainordú a chuireann an Chomhairle de chúram air. Sa chomhthéacs sin, déanfaidh sé faireachán ar chur chun feidhme Phrótacal Réigiúnach

na hAfraice agus ar an dul chun cinn ionsar na cuspóirí a leagtar amach sa phrótacal a bhaint amach.

(2) Tuairisceoidh an Coiste don Chomhairle, go háirithe ar ábhair ar tarmligeadh inniúlacht ina leith.

(3) Cuirfidh sé faoi bhráid na Comhairle freisin aon rún, moladh nó tuairim a mheasann sé is gá nó is iomchuí.

*Airteagal 5*

**Clár oibre na gcruinnithe**

(1) Is é an Cathaoirleach atá i gceannas a tharraingeoidh clár oibre sealadach suas le haghaidh gach cruinnithe. Cuirfear an clár sealadach in iúl do chomhaltaí eile an Choiste 8 lá ar a laghad roimh dháta an chruinnithe.

(2) Áireofar sa chlár oibre sealadach na míreanna sin a bhfuair na Comhchathaoirligh iarraidh 10 lá ar a laghad roimh dháta an chruinnithe go gcuirfí san áireamh iad. Ní áireofar sa chlár oibre sealadach ach na míreanna ar tarchuireadh doiciméadacht ina leith chuig Rúnaíocht na Comhairle in am trátha lena cur ar aghaidh chuig comhaltaí an Choiste, ar a laghad 8 lá roimh dháta an chruinnithe.

(3) Glacfaidh an Coiste an clár oibre ag tús gach cruinnithe. I gcásanna práinne, féadfaidh an Chomhairle cinneadh a dhéanamh, arna iarraidh sin do Pháirtí Stáit na hAfraice nó don Aontas Eorpach, míreanna a chur ar an gclár oibre nár urramaíodh na teorainneacha ama a leagtar síos i mír 1 ina leith.

*Airteagal 6*

**Imeachtaí**

(1) Déanfaidh an Coiste a chinntí agus déanfaidh sé moltaí de chomhthoil na bPáirtithe.

(2) Má thagann an Coiste le chéile i bhformáid fhíorúil nó hibrideach, leanfaidh glacadh cinntí agus moltaí an nós imeachta i scríbhinn a leagtar síos in Airteagal 7.

(3) Ní bheidh imeachtaí an Choiste bailí ach amháin má bhíonn ionadaithe an Aontais Eorpaigh, ar a laghad leath de bhuanionadaithe Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus ar a laghad dhá thrian de chomhaltaí Pháirtí Stáit na hAfraice i láthair.

(4) Féadfar ionadaíocht a dhéanamh do chomhaltaí uile an Choiste nach féidir leo freastal ar an gcruinniú. Sa chás sin, cuirfidh siad an Cathaoirleach atá i gceannas ar an eolas agus tabharfaidh siad le fios an duine nó an toscaireacht atá údaraithe ionadaíocht a dhéanamh dóibh. Feidhmeoidh an t-ionadaí cearta uile an chomhalta nach féidir leis freastal ar an gcruinniú.

(5) Féadfaidh comhairleoirí comhaltaí an Choiste a thionlacan chun cúnamh a thabhairt dóibh.

(6) Beidh ionadaí don Bhanc Eorpach Infheistíochta, dá ngairtear 'BEI' anseo feasta, i láthair ag cruinnithe an Choiste nuair a bheidh ábhair a bhaineann le réimsí feidhme BEI ar an gclár oibre.

*Airteagal 7*

**Nós imeachta i scríbhinn, rúndacht, foilseacháin oifigiúla, doiciméadacht agus foirmeacha na ngníomhartha**

Beidh feidhm ag Airteagail 6, 10, 12 agus 13 de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle *inter alia* maidir leis na gníomhartha a ghlacann an Coiste.

*Airteagal 8*

**Breathnóirí**

(1) Mar a fhoráiltear in Airteagal 93(2), i gcás inarb iomchuí, féadfaidh an Coiste a chinneadh cuireadh a thabhairt do bhreathnóirí ar thogra aon Pháirtí tar éis comhaontú na gComhchathaoirleach a fháil.

(2) Maidir le breathnóirí a ghlacann páirt i gcruinniú:

(a) níl cead acu vóta a chaitheamh i nósanna imeachta foirmiúla cinnteoireachta, mar a shonraítear sna rialacha nós imeachta;

(b) níl cead acu ráitis ó bhéal a dhéanamh le linn an chruinnithe, ach amháin má iarrann na Comhchathaoirligh orthu déanamh amhlaidh;

(c) níl cead acu páirt a ghlacadh sna seisiúin iata ná freastal ar na seisiúin sin;

(d) féadfar iarraidh orthu páirt a ghlacadh i gcruinnithe sonracha, mar shampla, comhdhálacha coistí earnála, siompóisiamaí agus cruinnithe saineolaithe;

(e) féadfaidh siad faisnéis agus doiciméadacht neamhrúnda a scaipeann an Rúnaíocht a fháil.

*Airteagal 9*

**Teachtaireachtaí agus miontuairiscí na gcruinnithe**

(1) Na teachtaireachtaí uile dá bhforáiltear sna Rialacha Nós Imeachta seo, tarchuirfear iad trí Rúnaíocht na Comhairle chuig ionadaithe gach Ballstáit san Afraic, Rúnaíocht ESACC, Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, Buanionadaithe Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach.

(2) Cuirfear na teachtaireachtaí sin chuig BEI freisin i gcás ina mbaineann siad le BEI.

(3) Tarraingeoidh an Rúnaíocht miontuairiscí gach cruinnithe suas agus glacfaidh na Comhchathaoirligh iad trí bhíthin nós imeachta i scríbhinn, agus tabharfaidh siad aird go háirithe ar na cinntí a rinne an Coiste.

(4) Cuirfear cóip de na miontuairiscí ar aghaidh chuig na faighteoirí dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 10*

**Fochoistí agus meithleacha**

(1) Féadfaidh an Coiste fochoistí nó meithleacha a bhunú chun an obair a mheasann sé is gá a dhéanamh chun na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 89(2) den Chomhaontú a chur i gcrích.

(2) Féadfaidh an Coiste cumhachtaí a tharmligean chuig na fochoistí agus chuig na meithleacha sin.

(3) Cuirfidh na fochoistí agus na meithleacha tuarascálacha ar a gcuid oibre faoi bhráid an Choiste.

(4) Féadfaidh na fochoistí agus na meithleacha a rialacha nós imeachta a leagan síos tar éis comhaontú an Choiste a fháil.

(5) Gan dochar do mhíreanna 1 go 4, féadfaidh an Coiste, i gcaitheamh a chruinnithe, ullmhú a imeachtaí agus a chonclúidí ar mhíreanna sonracha ar an gclár oibre a tharmligean chuig meithleacha ambasadóirí a chomhdhéantar ar bhonn paireachta.

*Airteagal 11*

**An Rúnaíocht**

Is í an rúnaíocht chéanna a bheidh i gceist le Rúnaíocht an Choiste agus Rúnaíocht na Comhairle i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.

## IARSCRÍBHINN VII – Rialacha Nós Imeachta Chomhchoiste AE-an Chairib

*Airteagal 1*

**Raon feidhme**

Ní bheidh na forálacha faoi na Rialacha Nós Imeachta seo ina gceangal ach amháin ar na páirtithe a cheanglaítear faoi Phrótacal Réigiúnach na Cairibe, i gcomhréir le hAirteagal 1(1) de Phrótacal Réigiúnach na Cairibe den Chomhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile a síníodh i Samó an 15 Samhain 2023, dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta.

*Airteagal 2*

**Dátaí agus suíomh na gcruinnithe**

(1) Cuirfidh Comhchoiste AE-an Chairib, dá ngairtear 'an Coiste' anseo feasta a chúraimí i gcrích mar a fhoráiltear in Airteagal 93 den Chomhaontú.

(2) Tiocfaidh an Coiste le chéile aon uair a mheastar gá a bheith leis ar thionscnamh na gComhchathaoirleach, agus go háirithe chun ullmhúchán a dhéanamh le haghaidh sheisiúin Chomhairle Airí AE-an Chairib, dá ngairtear 'an Chomhairle' anseo feasta.

(3) Mar a fhoráiltear in Airteagal 93(1) den Chomhaontú, is é a bheidh sa Choiste, ar thaobh amháin, ionadaí do gach Comhalta ESACC sa Chairib ar leibhéal ambasadóra nó ar leibhéal oifigigh shinsearaigh agus, ar an taobh eile, ionadaithe don Aontas Eorpach agus do na Ballstáit ar leibhéal ambasadóra nó ar leibhéal oifigigh shinsearaigh.

(4) Is iad na Comhchathaoirligh a thionólfaidh an Coiste. Socrófar dátaí a cruinnithe de chomhthoil idir na páirtithe.

(5) Tiocfaidh an Coiste le chéile sa Bhruiséil. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh an Coiste teacht le chéile in áit a roghnaíonn Páirtí Stáit na Cairibe, i gcomhréir leis an gcinneadh a rinne an Coiste.

(6) Féadfaidh an Chomhairle teacht le chéile i bhformáid fhíorúil nó hibrideach i gcás ina bhfágann na himthosca gur gá sin, arna chinneadh sin do na Comhchathaoirligh.

*Airteagal 3*

**Comhchathaoirligh**

Mar a fhoráiltear in Airteagal 93(2) den Chomhaontú, is iad na Páirtithe céanna atá ina gComhchathaoirligh ar an gComhairle a dhéanfaidh comhchathaoirleacht ar an gCoiste.

*Airteagal 4*

**Feidhmeanna an Choiste**

(1) I gcomhréir le hAirteagal 93(3) den Chomhaontú, ullmhóidh an Coiste seisiúin na Comhairle agus tabharfaidh sé cúnamh di a cúraimí a chur i gcrích, agus comhlíonfaidh sé aon sainordú a chuireann an Chomhairle de chúram air. Sa chomhthéacs sin, déanfaidh sé faireachán ar chur chun feidhme Phrótacal Réigiúnach na Cairibe agus ar an dul chun cinn ionsar na cuspóirí a leagtar amach sa phrótacal a bhaint amach.

(2) Tuairisceoidh an Coiste don Chomhairle, go háirithe ar ábhair ar tarmligeadh inniúlacht ina leith.

(3) Cuirfidh sé faoi bhráid na Comhairle freisin aon rún, moladh nó tuairim a mheasann sé is gá nó is iomchuí.

*Airteagal 5*

**Clár oibre na gcruinnithe**

(1) Is é an Cathaoirleach atá i gceannas a tharraingeoidh clár oibre sealadach suas le haghaidh gach cruinnithe. Cuirfear an clár sealadach in iúl do chomhaltaí eile an Choiste 8 lá ar a laghad roimh dháta an chruinnithe.

(2) Áireofar sa chlár oibre sealadach na míreanna sin a bhfuair na Comhchathaoirligh iarraidh 10 lá ar a laghad roimh dháta an chruinnithe go gcuirfí san áireamh iad. Ní áireofar sa chlár oibre sealadach ach na míreanna ar tarchuireadh doiciméadacht ina leith chuig Rúnaíocht na Comhairle in am trátha lena cur ar aghaidh chuig comhaltaí an Choiste, ar a laghad 8 lá roimh dháta an chruinnithe.

(3) Glacfaidh an Coiste an clár oibre ag tús gach cruinnithe. I gcásanna práinne, féadfaidh an Chomhairle cinneadh a dhéanamh, arna iarraidh sin do Pháirtí Stáit na Cairibe nó don Aontas Eorpach, míreanna a chur ar an gclár oibre nár urramaíodh na teorainneacha ama a leagtar síos i mír 1 ina leith.

*Airteagal 6*

**Imeachtaí**

(1) Déanfaidh an Coiste a chinntí agus déanfaidh sé moltaí de chomhthoil na bPáirtithe.

(2) Má thagann an Coiste le chéile i bhformáid fhíorúil nó hibrideach, leanfaidh glacadh cinntí agus moltaí an nós imeachta i scríbhinn a leagtar síos in Airteagal 6.

(3) Ní bheidh imeachtaí an Choiste bailí ach amháin má bhíonn ionadaithe an Aontais Eorpaigh, ar a laghad leath de bhuanionadaithe Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus ar a laghad dhá thrian de chomhaltaí Pháirtí Stáit na Cairibe i láthair.

(4) Féadfar ionadaíocht a dhéanamh do chomhaltaí uile an Choiste nach féidir leo freastal ar an gcruinniú. Sa chás sin, cuirfidh siad an Cathaoirleach atá i gceannas ar an eolas agus tabharfaidh siad le fios an duine nó an toscaireacht atá údaraithe ionadaíocht a dhéanamh dóibh. Feidhmeoidh an t-ionadaí cearta uile an chomhalta nach féidir leis freastal ar an gcruinniú.

(5) Féadfaidh comhairleoirí comhaltaí an Choiste a thionlacan chun cúnamh a thabhairt dóibh.

(6) Beidh ionadaí don Bhanc Eorpach Infheistíochta, dá ngairtear 'BEI' anseo feasta, i láthair ag cruinnithe an Choiste nuair a bheidh ábhair a bhaineann le réimsí feidhme BEI ar an gclár oibre.

*Airteagal 7*

**Nós imeachta i scríbhinn, rúndacht, foilseacháin oifigiúla, doiciméadacht agus foirmeacha na ngníomhartha**

Beidh feidhm ag Airteagail 6, 10, 12 agus 13 de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle *inter alia* maidir leis na gníomhartha a ghlacann an Coiste.

*Airteagal 8*

**Breathnóirí**

(1) Mar a fhoráiltear in Airteagal 93(2), i gcás inarb iomchuí, féadfaidh an Coiste a chinneadh cuireadh a thabhairt do bhreathnóirí ar thogra aon Pháirtí tar éis comhaontú na gComhchathaoirleach a fháil.

(2) Maidir le breathnóirí a ghlacann páirt i gcruinniú:

(a) níl cead acu vóta a chaitheamh i nósanna imeachta foirmiúla cinnteoireachta, mar a shonraítear sna rialacha nós imeachta;

(b) níl cead acu ráitis ó bhéal a dhéanamh le linn an chruinnithe, ach amháin má iarrann na Comhchathaoirligh orthu déanamh amhlaidh;

(c) níl cead acu páirt a ghlacadh sna seisiúin iata ná freastal ar na seisiúin sin;

(d) féadfar iarraidh orthu páirt a ghlacadh i gcruinnithe sonracha, mar shampla, comhdhálacha coistí earnála, siompóisiamaí agus cruinnithe saineolaithe;

(e) féadfaidh siad faisnéis agus doiciméadacht neamhrúnda a scaipeann an Rúnaíocht a fháil.

*Airteagal 9*

**Teachtaireachtaí agus miontuairiscí na gcruinnithe**

(1) Na teachtaireachtaí uile dá bhforáiltear sna Rialacha Nós Imeachta seo, tarchuirfear iad trí Rúnaíocht na Comhairle chuig ionadaithe gach Ballstáit sa Chairib, Rúnaíocht ESACC, Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, Buanionadaithe Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach.

(2) Cuirfear na teachtaireachtaí sin chuig BEI freisin i gcás ina mbaineann siad le BEI.

(3) Tarraingeoidh an Rúnaíocht miontuairiscí gach cruinnithe suas agus glacfaidh na Comhchathaoirligh iad trí bhíthin nós imeachta i scríbhinn, agus tabharfaidh siad aird go háirithe ar na cinntí a rinne an Coiste.

(4) Cuirfear cóip de na miontuairiscí ar aghaidh chuig na faighteoirí dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 10*

**Fochoistí agus meithleacha**

(1) Féadfaidh an Coiste fochoistí nó meithleacha a bhunú chun an obair a mheasann sé is gá a dhéanamh chun na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 89(2) den Chomhaontú a chur i gcrích.

(2) Féadfaidh an Coiste cumhachtaí a tharmligean chuig na fochoistí agus chuig na meithleacha sin.

(3) Cuirfidh na fochoistí agus na meithleacha tuarascálacha ar a gcuid oibre faoi bhráid an Choiste.

(4) Féadfaidh na fochoistí agus na meithleacha a rialacha nós imeachta a leagan síos tar éis comhaontú an Choiste a fháil.

(5) Gan dochar do mhíreanna 1 go 4, féadfaidh an Coiste, i gcaitheamh a chruinnithe, ullmhú a imeachtaí agus a chonclúidí ar mhíreanna sonracha ar an gclár oibre a tharmligean chuig meithleacha ambasadóirí a chomhdhéantar ar bhonn paireachta.

*Airteagal 11*

**An Rúnaíocht**

Is í an rúnaíocht chéanna a bheidh i gceist le Rúnaíocht an Choiste agus Rúnaíocht na Comhairle i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.

**IARSCRÍBHINN VIII – Rialacha Nós Imeachta Chomhchoiste AE-an tAigéan Ciúin**

*Airteagal 1*

**Raon feidhme**

Ní bheidh na forálacha faoi na Rialacha Nós Imeachta seo ina gceangal ach amháin ar na páirtithe a cheanglaítear faoi Phrótacal Réigiúnach an Aigéin Chiúin, de réir Airteagal 1(1) de Phrótacal Réigiúnach an Aigéin Chiúin den Chomhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile a síníodh i Samó an 15 Samhain 2023, dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta.

*Airteagal 2*

**Dátaí agus suíomh na gcruinnithe**

(1) Cuirfidh Comhchoiste AE-an tAigéan Ciúin, dá ngairtear 'an Coiste' anseo feasta a chúraimí i gcrích mar a fhoráiltear in Airteagal 93 den Chomhaontú.

(2) Tiocfaidh an Coiste le chéile aon uair a mheastar gá a bheith leis ar thionscnamh na gComhchathaoirleach, agus go háirithe chun ullmhúchán a dhéanamh le haghaidh sheisiúin Chomhairle Airí AE-an tAigéan Ciúin, dá ngairtear 'an Chomhairle' anseo feasta.

(3) Mar a fhoráiltear in Airteagal 93(1) den Chomhaontú, is é a bheidh sa Choiste, ar thaobh amháin, ionadaí do gach Comhalta ESACC san Aigéan Ciúin ar leibhéal ambasadóra nó ar leibhéal oifigigh shinsearaigh agus, ar an taobh eile, ionadaithe don Aontas Eorpach agus do na Ballstáit ar leibhéal ambasadóra nó ar leibhéal oifigigh shinsearaigh.

(4) Is iad na Comhchathaoirligh a thionólfaidh an Coiste. Socrófar dátaí a cruinnithe de chomhthoil idir na páirtithe.

(5) Tiocfaidh an Coiste le chéile sa Bhruiséil. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh an Coiste teacht le chéile in áit a roghnaíonn Páirtí Stáit an Aigéin Chiúin, i gcomhréir leis an gcinneadh a rinne an Coiste.

(6) Féadfaidh an Chomhairle teacht le chéile i bhformáid fhíorúil nó hibrideach i gcás ina bhfágann na himthosca gur gá sin, arna chinneadh sin do na Comhchathaoirligh.

*Airteagal 3*

**Comhchathaoirligh**

Mar a fhoráiltear in Airteagal 93(2) den Chomhaontú, is iad na Páirtithe céanna atá ina gComhchathaoirligh ar an gComhairle a dhéanfaidh comhchathaoirleacht ar an gCoiste.

*Airteagal 4*

**Feidhmeanna an Choiste**

(1) I gcomhréir le hAirteagal 93(3) den Chomhaontú, ullmhóidh an Coiste seisiúin na Comhairle agus tabharfaidh sé cúnamh di a cúraimí a chur i gcrích, agus comhlíonfaidh sé aon sainordú a chuireann an Chomhairle de chúram air. Sa chomhthéacs sin, déanfaidh sé faireachán ar chur chun feidhme Phrótacal AE-an

tAigéan Ciúin agus ar an dul chun cinn ionsar na cuspóirí a leagtar amach sa phrótacal a bhaint amach.

(2) Tuairisceoidh an Coiste don Chomhairle, go háirithe ar ábhair ar tarmligeadh inniúlacht ina leith.

(3) Cuirfidh sé faoi bhráid na Comhairle freisin aon rún, moladh nó tuairim a mheasann sé is gá nó is iomchuí.

*Airteagal 5*

**Clár oibre na gcruinnithe**

(1) Is é an Cathaoirleach atá i gceannas a tharraingeoidh clár oibre sealadach suas le haghaidh gach cruinnithe. Cuirfear an clár sealadach in iúl do chomhaltaí eile an Choiste 8 lá ar a laghad roimh dháta an chruinnithe.

(2) Áireofar sa chlár oibre sealadach na míreanna sin a bhfuair na Comhchathaoirligh iarraidh 10 lá ar a laghad roimh dháta an chruinnithe go gcuirfí san áireamh iad. Ní áireofar sa chlár oibre sealadach ach na míreanna ar tarchuireadh doiciméadacht ina leith chuig Rúnaíocht na Comhairle in am trátha lena cur ar aghaidh chuig comhaltaí an Choiste, ar a laghad 8 lá roimh dháta an chruinnithe.

(3) Glacfaidh an Coiste an clár oibre ag tús gach cruinnithe. I gcásanna práinne, féadfaidh an Coiste cinneadh a dhéanamh, arna iarraidh sin do Pháirtí Stáit an Aigéin Chiúin nó don Aontas Eorpach, míreanna a chur ar an gclár oibre nár urramaíodh na teorainneacha ama a leagtar síos i mír 1 ina leith.

(4) Féadfar an clár oibre sealadach a roinnt ina Chuid A, Chuid B agus Chuid C.

– is éard a bheidh sna míreanna a chuirfear faoi Chuid A míreanna is féidir leis an gComhairle a fhormheas gan phlé;

– is éard a bheidh sna míreanna a chuirfear faoi Chuid B míreanna nach mór don Chomhairle a phlé sula bhformheastar iad;

– pléifear míreanna a chuirfear isteach faoi Chuid C le linn seisiún tuairimíochta neamhfhoirmiúil.

*Airteagal 6*

**Imeachtaí**

(1) Déanfaidh an Coiste a chinntí agus déanfaidh sé moltaí de chomhthoil na bPáirtithe.

(2) Má thagann an Coiste le chéile i bhformáid fhíorúil nó hibrideach, leanfaidh glacadh cinntí agus moltaí an nós imeachta i scríbhinn a leagtar síos in Airteagal 6.

(3) Ní bheidh imeachtaí an Choiste bailí ach amháin má bhíonn ionadaithe an Aontais Eorpaigh, ar a laghad leath de bhuanionadaithe Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus ar a laghad dhá thrian de chomhaltaí Pháirtí Stáit na Cairibe i láthair.

(4) Féadfar ionadaíocht a dhéanamh do chomhaltaí uile an Choiste nach féidir leo freastal ar an gcruinniú. Sa chás sin, cuirfidh siad an Cathaoirleach atá i gceannas ar an eolas agus tabharfaidh siad le fios an duine nó an toscaireacht atá údaraithe ionadaíocht a dhéanamh dóibh. Feidhmeoidh an t-ionadaí cearta uile an chomhalta nach féidir leis freastal ar an gcruinniú.

(5) Féadfaidh comhairleoirí comhaltaí an Choiste a thionlacan chun cúnamh a thabhairt dóibh.

(6) Beidh ionadaí don Bhanc Eorpach Infheistíochta, dá ngairtear 'BEI' anseo feasta, i láthair ag cruinnithe an Choiste nuair a bheidh ábhair a bhaineann le réimsí feidhme BEI ar an gclár oibre.

*Airteagal 7*

**Nós imeachta i scríbhinn, rúndacht, foilseachán oifigiúil, doiciméadacht agus foirmeacha na ngníomhartha**

Beidh feidhm ag Airteagail 6, 10, 12 agus 13 de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle *inter alia* maidir leis na gníomhartha a ghlacann an Coiste.

*Airteagal 8*

**Breathnóirí**

(1) Mar a fhoráiltear in Airteagal 93(2), i gcás inarb iomchuí, féadfaidh an Coiste a chinneadh cuireadh a thabhairt do bhreathnóirí ar thogra aon Pháirtí tar éis comhaontú na gComhchathaoirleach a fháil.

(2) Maidir le breathnóirí a ghlacann páirt i gcruinniú:

(a) níl cead acu vóta a chaitheamh i nósanna imeachta foirmiúla cinnteoireachta, mar a shonraítear sna rialacha nós imeachta;

(b) níl cead acu ráitis ó bhéal a dhéanamh le linn an chruinnithe, ach amháin má iarrann na Comhchathaoirligh orthu déanamh amhlaidh;

(c) níl cead acu páirt a ghlacadh sna seisiúin iata ná freastal ar na seisiúin sin;

(d) féadfar iarraidh orthu páirt a ghlacadh i gcruinnithe sonracha, mar shampla, comhdhálacha coistí earnála, siompóisiamaí agus cruinnithe saineolaithe;

(e) féadfaidh siad faisnéis agus doiciméadacht neamhrúnda a scaipeann an Rúnaíocht a fháil.

*Airteagal 9*

**Teachtaireachtaí agus miontuairiscí na gcruinnithe**

(1) Na teachtaireachtaí uile dá bhforáiltear sna Rialacha Nós Imeachta seo, tarchuirfear iad trí Rúnaíocht na Comhairle chuig ionadaithe gach Ballstáit san Aigéan Ciúin, Rúnaíocht ESACC, Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, Buanionadaithe Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach.

(2) Cuirfear na teachtaireachtaí sin chuig BEI freisin i gcás ina mbaineann siad le BEI.

(3) Tarraingeoidh an Rúnaíocht miontuairiscí gach cruinnithe suas agus glacfaidh na Comhchathaoirligh iad trí bhíthin nós imeachta i scríbhinn, agus tabharfaidh siad aird go háirithe ar na cinntí a rinne an Coiste.

(4) Cuirfear cóip de na miontuairiscí ar aghaidh chuig na faighteoirí dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 10*

**Fochoistí agus meithleacha**

(1) Féadfaidh an Coiste fochoistí nó meithleacha a bhunú chun an obair a mheasann sé is gá a dhéanamh chun na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 89(2) den Chomhaontú a chur i gcrích.

(2) Féadfaidh an Coiste cumhachtaí a tharmligean chuig na fochoistí agus chuig na meithleacha sin.

(3) Cuirfidh na fochoistí agus na meithleacha tuarascálacha ar a gcuid oibre faoi bhráid an Choiste.

(4) Féadfaidh na fochoistí agus na meithleacha a rialacha nós imeachta a leagan síos tar éis comhaontú an Choiste a fháil.

(5) Gan dochar do mhíreanna 1 go 4, féadfaidh an Coiste, i gcaitheamh a chruinnithe, ullmhú a imeachtaí agus a chonclúidí ar mhíreanna sonracha ar an gclár oibre a tharmligean chuig meithleacha ambasadóirí a chomhdhéantar ar bhonn paireachta.

*Airteagal 11*

**An Rúnaíocht**

Is í an rúnaíocht chéanna a bheidh i gceist le Rúnaíocht an Choiste agus Rúnaíocht na Comhairle i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, XX X 2024